



Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 2 Meitheamh 2020
(OR. en)

8330/20

Comhad Idirinstitiúideach:
2020/0097(COD)

PROCIV 31
JAI 413
COHAFA 24
FIN 319
CODEC 418
CADREFIN 97

TOGRA

ó:	Ard-Rúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna shíniú ag Jordi AYET PUIGARNAU, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	2 Meitheamh 2020
chuig:	Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	COM(2020) 220 final
Ábhar:	Togra le haghaidh CINNEADH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Cinneadh Uimh. 1313/2013/AE maidir le Sásra an Aontais Eorpaigh um Chosaint Shibhialta

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2020) 220 final.

Faoi iamh: COM(2020) 220 final



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 2.6.2020
COM(2020) 220 final

2020/0097 (COD)

Togra le haghaidh

CINNEADH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

**lena leasaítear Cinneadh Uimh. 1313/2013/AE maidir le Sásra an Aontais Eorpaigh um
Chosaint Shibhialta**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. COMHTHÉACS AN TOGRA

• Forais agus cuspóirí an togra

Tá sé beartaithe leis an togra roinnt athruithe spriocdhírithe a dhéanamh ar Chinneadh 1313/2013/AE ('an Cinneadh') maidir le Sásra an Aontais Eorpaigh um Chosaint Shibhialta ('Sásra an Aontais'), faoina dtacóidh an tAontas Eorpach le gníomhaíochtaí na mBallstát i réimse na cosanta sibhialta, faoina gcomhordóidh sé iad agus faoina bhforlíonfaidh sé iad chun tubaistí nádúrtha agus tubaistí de dhéantús an duine a chosc, a ullmhú agus chun freagairt dóibh laistigh den Aontas agus lasmuigh de. Ag cur le prionsabail na dlúthpháirtíochta agus na freagrachta comhroinnte, is é cuspóir foriomlán an togra seo a áirithiú gur féidir leis an Aontas tacaíocht géarchéime agus éigeandála níos fearr a chur ar fáil dá shaoránaigh san Eoraip agus níos faide i gcéin.

Sa togra cuirtear leis an dul chun cinn atá déanta ag Parlaimint na hEorpa agus ag an gComhairle go dtí seo agus breithniú agus plé á ndéanamh acu faoi thogra COM(2019) 125 final ón gCoimisiún¹.

Léiríodh gur uirlis úsáideach é Sásra an Aontais chun an cúnamh a chuireann na Stáit Rannpháirteacha ar fáil chun freagairt do ghéarchéimeanna a shlógadh agus a chomhordú laistigh den Aontas agus lasmuigh de, rud atá ina chruthúnas inbhraite ar an dlúthpháirtíocht Eorpach. Ar an gcaoi chéanna, déanfaidh an tAontas, faoin Ionstraim Tacaíochta Éigeandála, aistriú othar agus pearsanra leighis idir na Ballstáit a éascú ar bhonn sealadach, rannchuidiú bunriachtanach a mbeidh tairbhí inbhraite ag baint leis i bhfianaise ghné thrasteorann na ngníomhaíochtaí. Mar sin féin, léirigh paindéim COVID-19 — an gá atá le hullmhacht níos fearr ón Aontas Eorpach i gcomhair éigeandálaí mórsála amach anseo, agus na teorainneacha atá leis an gcreat atá ann faoi láthair á léiriú ag an am céanna. Léiríodh go bhfuil ár sochaithe idirnasctha le chéile agus iad ag tabhairt aghaidh ar an éigeandáil chéanna agus an deacracht a bhíonn acu dá dheasca sin cabhrú le chéile, an gá atá le gníomhaíocht fheabhsaithe ar leibhéal an Aontais, mar a iarradh freisin sa Ráiteas Comhpháirteach ón gComhairle Eorpach an 26 Márta 2020.

Tá Sásra an Aontais ag brath go hiomlán faoi láthair ar acmhainní na mBallstát. Mar a léiríodh le míonna beaga anuas, is iondúil go mbriseann an córas seo de dhlúthpháirtíocht fhrithpháirteach Eorpach a fhalsú má bhíonn tionchar ag an éigeandáil chéanna ar na Ballstáit go comhuaineach agus, dá bhrí sin, ní féidir leo aontú lena chéile. I gcásanna éigeandála mórtionchair den sórt sin, ní féidir leis an Aontas dul ar aghaidh go leordhóthanach faoi láthair chun na bearnaí criticiúla sin a líonadh. Chun freagairt fhoriomlán éifeachtach ón Aontas d'éigeandálaí mórsála a áirithiú, tá níos mó solúbthachta agus neamhspleáchais ag teastáil ó Shásra an Aontais chun gníomhú ar leibhéal an Aontais, i gcásanna nach féidir leis na Ballstáit threascartha gníomhú amhlaidh.

Tá an Coimisiún ag moladh go mbainfí leas as cumhacht iomlán bhuiséad an Aontais chun leas a bhaint as infheistíocht agus as tacaíocht airgeadais a thúsualú sna chéad bhlianta rithabhachtacha den téarnamh. Tá na tograí sin bunaithe ar an méid seo a leanas:

- Ionstraim éigeandála um Théarnamh an Aontais Eorpaigh mar bheart eisceachtúil, bunaithe ar Airteagal 122 CFAE, a mbeidh a mhaoiniú bunaithe ar chumhachtú dá

¹ COM(2019)125 7.3.2019.

bhforáiltear sa togra le haghaidh an Chinnidh maidir le hAcmhainní Dílse. Leis na cistí, beifear in ann bearta tapa a chur chun feidhme chun slite beatha a chosaint, cosc a mhéadú agus teacht aniar agus téarnamh a neartú mar fhreagairt ar an ngéarchéim.

- Creat Airgeadais Ilbhliantúil treisithe do 2021-2027.

I bhfianaise an mhéid sin, molann an Coimisiún go ndéanfar athbhreithniú spriocdhírithe ar reachtaíocht reatha Shásra an Aontais d'fhonn aghaidh a thabhairt ar na príomhdhúshláin atá os comhair Shásra an Aontais inniu. A bhuí leis na hathruithe sin, beidh Sásra an Aontais in ann gníomhú ar bhealach níos éifeachtúla agus níos éifeachtaí, na bearnaí atá ann faoi láthair a líonadh agus beatha daoine a shábháil. I dtéarmaí nithiúla, is é is aidhm do na hathruithe atá sa togra seo na cuspóirí seo a leanas a bhaint amach:

- a) Cur chuige ullmhachta trasearnála agus sochaíoch maidir le bainistiú rioscaí tubaistí trasteorann a threisiú, lena n-áirítear bonnlíne agus gnéithe pleanála a bhunú ar an leibhéal Eorpach, ag cur san áireamh an chaoi a dtéann an t-athrú aeráide i bhfeidhm ar riosca tubaistí.
- b) a áirithiú go bhfuil an Coimisiún in ann líontán sábhála leormhaith d'acmhainneachtaí rescEU a fháil go díreach;
- c) an cumas lóistíochtúil a sholáthar don Choimisiún chun aersheirbhísí ilchuspóireacha a sholáthar i gcás éigeandálaí agus chun iompar agus seachadadh tráthúil cúnamh a áirithiú;
- d) córas níos solúbtha a dhearadh chun freagairt d'éigeandálaí ar mhórsála;
- e) feabhas a chur ar ról oibríochta agus faireacháin an Lárionaid Comhordúcháin Práinnfhreagartha chun tacú le freagairt ghasa agus éifeachtach an Aontais ar réimse leathan géarchéimeanna laistigh den Aontas agus lasmuigh de, i gcomhlántacht le sásraí freagartha géarchéime atá ann cheana agus i gcomhréir leis na socruithe idirinstiúideacha atá ann cheana;
- f) infheistíocht níos láidre in ullmhacht ar leibhéal an Aontais a chumasú agus cur chun feidhme an bhuiséid a shimpliú tuilleadh;
- g) cur chun feidhme beart téarnaimh agus athléimneachta faoi Shásra an Aontais um Chosaint Shibhialta a chumasú trí mhaoiniú ó Ionstraim an Aontais Eorpaigh do Théarnamh an Aontais, ar ioncam sannta seachtrach é de réir Airteagal 21(5) den Rialachán Airgeadais.

Le Sásra feabhsaithe an Aontais, d'fhéadfadh an tAontas agus na Ballstáit bheith ullmhaithe níos fearr chun freagairt níos fearr agus níos éifeachtaí a thabhairt ar ghéarchéim amach anseo, go háirithe iad siúd a bhfuil tionchar mór acu de dheasca an tsuaite a d'fhéadfadh a bheith ar ár ngeilleagair agus ar ár sochaithe, mar a chonacthas amhlaidh le linn éigeandáil COVID-19. San fhadtéarma, tá sé níos costéifeachtaí tionchar na dtubaistí a mbaineann ullmhacht níos fearr leo a chosc agus a íoslaghdú ná freagairt, go háirithe, ar an gcaoi a bhfuil méadú ag teacht ar an mbaol tubaiste ar fud an domhain agus san Aontas ó thaobh an athraithe aeráide agus an díghrádaithe chomhshaoil de.

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Tá freagracht ar an Eoraip dlúthpháirtíocht a léiriú agus tacú leo siúd atá i ngátar. Déanfar an dlúthpháirtíocht, atá mar bhonn agus mar thaca le Cinneadh 1313/2013/AE, a neartú faoin togra seo, in éineacht le prionsabail na comhfhreagrachta agus na cuntasachta.

Cuireann an togra seo leis na torthaí dearfacha a baineadh amach go dtí seo leis an gcreat atá ann cheana, agus tá sé beartaithe aige a easnaimh a cheartú le forálacha treisithe ionas go

leanfar de thacú le gníomhaíocht na mBallstát sa réimse seo, agus í a chomhordú agus a chomhlánú.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Tá na gníomhaíochtaí atá beartaithe faoi Shásra an Aontais um Chosaint Shibhialta ailínithe le cuspóir foriomlán an Aontais chun a áirithiú go rannchuideoidh beartais agus ionstraimí ábhartha uile an Aontais le hacmhainneacht an Aontais a threisiú maidir le bainistiú riosca tubaiste trí chur chuige ‘gach guais’ a ghlacadh, ón bhfreagairt agus ón téarnamh go cosc tubaistí.

Go háirithe, táthar ag díriú go háirithe ar dhlúthchomhordú agus comhsheasmhacht a áirithiú le gníomhaíochtaí a dhéantar faoi bheartais agus ionstraimí eile de chuid an Aontais lena ndírítear go háirithe ar bheatha daoine a chaomhnú, fulaingt an duine a chosc agus a mhaolú agus dínit an duine a chosaint, lena n-áirítear iarmhairtí díobhálacha an athraithe aeráide a sheachaint, a íoslaghdú agus aghaidh a thabhairt orthu.

Tá an comhordú le clár nua ‘EU4Health’ an Aontais tábhachtach go háirithe. I gcás ina ndíreoidh Sásra an Aontais ar na hacmhainneachtaí díreacha freagartha do ghéarchéimeanna a chaithfidh a bheith réidh láithreach agus ar fáil i gcás éigeandála, áireofar sa chlár “EU4Health” cúlchistí struchtúracha ar mhórsála, lena n-áirítear cúltaca d’fhoireann agus de shaineolaithe atá réidh don leigheas, agus athléimneacht bhunúsach na gcóras cúraim sláinte. Beidh na hacmhainní sin ríthábhachtach le haghaidh freagairt chomhordaithe ar ghéarchéimeanna ar leibhéal an Aontais.

Déantar foráil leis an togra seo maidir leis na hacmhainní buiséadacha is gá chun tacú le gníomhaíochtaí an Aontais i réimse na cosanta sibhialta, go háirithe trí bhíthin Shásra neartaithe an Aontais. Cuireann an Sásra leis an gcuspóir uileghabhálach go mbainfear amach “Eoraip a chosnaíonn” mar a thagraítear dó sa Teachtaireacht ón gCoimisiún a cuireadh faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle Eorpaí agus na Comhairle maidir le creat airgeadais ilbhliantúil nua-aimseartha nua don Aontas Eorpach a bhainfidh a thosaíochtaí amach go héifeachtúil tar éis 2020. Faoi togra maidir le creat airgeadais ilbhliantúil nua, cuimsítear maoiniú a bhaineann le cosaint shibhialta faoi cheannnteideal amháin: Ceannteideal 5 “Slándáil agus Cosaint”. Cuimseoidh an cnuasach “Athléimneacht agus Freagairt ar Ghéarchéimeanna” gnéithe inmheánacha agus seachtracha na cosanta sibhialta araon.

Ní féidir le gníomh reachtach ar bith faoi bheartais eile de chuid an Aontais cuspóirí an togra seo a bhaint amach faoi láthair. Dá bhrí sin, níor cheart go mbeadh aon fhorluí idir gníomhaíochtaí sa réimse sin ach oiread.

2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Is iad Airteagail 196 agus 322(1)(a) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh bunús dlí an togra seo.

- **Coimhdeacht (maidir le hinniúlacht neamheisiach)**

Tá inniúlacht tacaíochta ag an gCoimisiún i réimse na cosanta sibhialta. Is ar na Ballstáit atá an phríomhfhreagracht fós chomh fada agus a bhaineann sé le tubaistí a chosc agus le hullmhacht agus freagairt do na tubaistí sin. Bunaíodh Sásra an Aontais ós rud é gur féidir le tubaistí móra acmhainneachtaí freagartha aon Bhallstáit a threascairt agus é ag gníomhú ina aonar. Is dlúthchuid den Sásra cúnamh mear frithpháirteach dea-chomhordaithe a chur ar fáil i measc na mBallstát.

Ní féidir leis na Ballstáit cuspóirí an togra a bhaint amach go leordhóthanach ar bhonn aonraic. Is é atá i gceist le gníomhaíocht an Aontais sa réimse seo cásanna a bhainistiú ina bhfuil comhpháirteanna láidre trasteorann agus ilnáisiúnta, agus is gá comhordú foriomlán agus gníomhaíocht chomhbheartaithe lasmuigh den leibhéal náisiúnta ina leith.

Mar a léiríodh le ráig COVID-19, i gcás éigeandálaí tromchúiseacha ina bhfuil inní ar an Aontas Eorpach ina iomláine de bharr scála agus raon feidhme na héigeandála, tá gá le freagairt chomhchoiteann, chomhordaithe agus phráinneach chun cur chuige ilroinnte a sheachaint a chuirfeadh teorainn le héifeachtacht fhreagairt an Aontais. De bharr na n-éileamh práinneach atá ann acmhainní a shlógadh ar scála leordhóthanach agus iad a imscaradh ar fud na mBallstát ar bhonn a riachtanas, is gá don Aontas gníomhú i gcomhar leis na Ballstáit. Go deimhin, teastaíonn gníomhaíocht chomhordaithe ón ngné dhomhanda agus ó éifeachtaí na n-éigeandálaí sin, lena n-áirithítear go ndéanfar tubaistí a mhaolú go tapa agus go héifeachtach, in éineacht le cosc a chur ar a n-athbhriseadh.

Agus na buntáistí á gcur san áireamh ó thaobh laghdú a dhéanamh ar bhás daoine, ar dhamáiste don chomhshaol, don gheilleagar agus do mhaoin chomh maith le tionchar sóisialta, tugtar breisluach soiléir AE leis an togra.

- **Comhréireacht**

Ní théann an togra thar an méid riachtanach chun na cuspóirí a bhaint amach. Tugtar aghaidh ann ar na bearnaí a sainaithníodh ó glacadh Cinneadh (AE) 2019/420 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Cinneadh 1313/2013/AE maidir le Sásra an Aontais Eorpaigh um Chosaint Shibhialta agus moltar réitigh atá i gcomhréir leis an sainordú a thug an Chomhairle agus Parlaimint na hEorpa.

Tá teorainn leis an ualach riaracháin don Aontas agus do na Ballstáit agus ní théann sé thar a bhfuil riachtanach chun cuspóirí an togra a bhaint amach.

- **An rogha ionstraime**

Togra le haghaidh Cinneadh lena leasaítear Cinneadh Uimh. 1313/2013/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Sásra an Aontais Eorpaigh um Chosaint Shibhialta.

3. TORTHAÍ Ó MHEASTÓIREACHTAÍ *EX POST*, Ó CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS Ó MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Mar gheall ar a phráinní a bhí sé an togra a ullmhú ionas go bhféadfaidh an Chomhairle é a ghlacadh in am, níorbh fhéidir comhairliúchán le páirtithe leasmhara a dhéanamh.

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

Ní bhaineann le hábhar.

Measúnú tionchair

Ós togra práinneach é an togra, ní dhearnadh aon mheasúnú tionchair. Mar sin féin, tá na réamhcheachtanna a foghlaimíodh ó ráig COVID-19, a sainaithníodh i ndlúthchomhar leis na geallsealbhoirí ábhartha, ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais araon, ag cur leis an togra, agus ar an gcaoi sin, le meastóireacht chríochnúil a dhéanamh ar thionchar na mbeartas atá beartaithe.

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

Tá na leasuithe atá beartaithe spriocdhírithe ó thaobh raon feidhme agus cineáil de, tá siad ar aon dul le leasanna na mBallstát, agus tá siad comhréireach leis an méid is gá ó thaobh cúrsaí oibríochtúla de.

I gcoitinne, féachann an togra seo le córas níos solúbtha a bhunú chun a áirithiú gur ar bhonn simplí sásta a thabharfar an fhreagairt ar thubaistí, rud á áiritheodh dá bhrí sin go mbeidh na Ballstáit in ann rochtain a fháil ar thacaíocht agus ar éascaíocht ó Shásra an Aontais nuair is gá. Mar shampla, léirigh tubaistí a tharla le déanaí go bhféadfadh sé nach mbeadh an tAontas feistithe go leordhóthanach le haghaidh éigeandálaí a mbeadh tionchar fadréimseach acu a dhéanfadh difear do roinnt Ballstát ag an am céanna. In imthosca den sórt sin, ní i gcónaí a bhíonn na Ballstáit in ann cúnamh a thairiscint, d'ainneoin go bhfuil sé beartaithe acu cabhair a thabhairt. Mar fhreagairt ar ráig dhomhanda COVID-19, d'iarr níos mó ná 30 tír (10 Bhallstát agus Stáit rannpháirteacha i Sásra an Aontais chomh maith le níos mó ná 20 tríú tír) cúnamh trí Shásra an Aontais. Ní raibh Sásra an Aontais in ann freagairt go hiomlán do thromlach na n-iarrataí ar chúnamh a fuarthas le linn ráig COVID-19. Leis an togra seo, tá sé mar aidhm ag an gCoimisiún torthaí níos fearr agus níos éifeachtúla a bhaint amach i gcásanna amach anseo ar scála comhchosúil. I gcásanna éigeandála mórtionchair den sórt sin, ní féidir leis an Aontas gníomhú chun na bearnaí criticiúla sin a líonadh toisc go n-éilíonn sé inniúlacht, ionstraimí dlíthiúla agus airgeadais chun a inniúlacht tacaíochta i réimse na cosanta sibhialta a chomhlíonadh freisin nuair atá na Ballstáit faoi bhrú ag an am céanna agus nach féidir leo cúnamh a thabhairt dá chéile. Cé gur thug an Coimisiún freagra láithreach ar an ráig trí stoc-charn leighis de chuid an Aontais a chruthú, níor seoladh an chéad soláthar go dtí ceithre seachtaine tar éis na chéad chásanna deimhnithe de COVID-19 san Eoraip, de réir mar a bhí na Ballstáit gnóthach agus iad ag déileáil leis an éigeandáil agus nach raibh siad in ann soláthar agus stóráil tapa acmhainneachtaí rescEU a áirithiú in áiseanna na mBallstát.

Maidir le simpliú, tá sé tábhachtach a mheas go maolódh soláthar díreach acmhainneachtaí rescEU ag an gCoimisiún, mar aon le gníomhaíocht neamhspleách a cheadú ar leibhéal an Aontais, an t-ualach airgeadais agus riaracháin ar na Ballstáit nach mbeadh orthu na hacmhainneachtaí ábhartha a fháil, a fháil ar cíós nó a léasú go díreach, mar a tharlaíonn le linn ráig COVID-19. Chabhródh an mhódúlacht nua atá beartaithe leis an gCoimisiún am criticiúil a shábháil agus dhéanfadh sé idirghabháil níos gasta, rud a thabharfadh breisluach soiléir do na hiarrachtaí freagartha éigeandála lena leagtar amach an bhunchloch do théarnamh inbhuanaithe.

Is gnéithe lárnacha iad an t-iompar, an lóistíocht agus an chumarsáid d'aon oibríocht mhór idirnáisiúnta cúnaimh. Ba mhian leis an gCoimisiún, dá bhrí sin, forálacha sa réimse seo a threisiú chun a áirithiú go mbeidh an tAontas in ann freagairt go tapa do ghéarchéim.

D'éascófaí cur chun feidhme an bhuiséid freisin dá gcuirfí bainistíocht indíreach leis mar mhodh chun an buiséad a chur chun feidhme.

4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Is é atá sa bhuiséad iomlán arna leithdháileadh do Shásra an Aontais um Chosaint Shibhialta EUR 3 455 902 000 (i bpraghsanna reatha) don tréimhse 2021-2027.

1. Is faoi cheannteideal 5 "Athléimneacht, Slándáil agus Cosaint" de CAI 2021-2027 (mír nua 1a d'Airteagal 19) a thiocfaidh EUR 1 268 282 000
2. cuirfear EUR 2 187 620 000 ar fáil trí Ionstraim Théarnaimh an Aontais bunaithe ar an gcumhachtú dá bhforáiltear sa Chinneadh nua maidir le hAcmhainní Dílse.

5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Tá feidhm ag Airteagal 34 de Chinneadh Uimh. 1313/2013/AE maidir le Sásra an Aontais Eorpaigh um Chosaint Shibhialta. Foráiltear leis go ndéanfar faireachán go rialta ar ghníomhaíochtaí a fhaigheann cúnamh airgeadais chun a gcur chun feidhme a mheas. Soláthraítear iontu freisin ceanglais níos ginearálta don Choimisiún chun meastóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an Chinnidh agus chun tuarascálacha meastóireachta eatramhacha agus *ex post* a chur isteach, chomh maith le teachtaireacht maidir le cur chun feidhme. Ba cheart an mheastóireacht sin a bhunú ar na táscairí dá bhforáiltear in Airteagal 3 den Chinneadh.

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

Leis an togra seo leasaítear líon teoranta airteagal Cinneadh 1313/2013/AE chun na cuspóirí a leagtar amach sa mheabhrán míniúcháin a bhaint amach (roinn 1).

Léiríodh le COVID-19 go soiléir idirspiléachas na mBallstát maidir lena gcumas freagairt go luath agus go tapa d'éigeandáil atá ag teacht chun cinn a bhfuil tionchar trasteorann aici. Níl idirthuilleamaíochtaí den sórt sin teoranta do phaindéimí, ach bheadh feidhm acu maidir le raon tubaistí mórsála a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar roinnt Ballstát ag an am céanna. Chun aghaidh a thabhairt ar na hidirthuilleamaíochtaí sin agus chun ullmhacht níos láidre a áirithiú ar leibhéal an Aontais, is gá treisiú na hoibre comhpháirtí maidir le hathléimneacht agus pleanáil i leith tubaistí. Chuige sin, tá sé beartaithe ag an gCoimisiún obair a dhéanamh, i gcomhar leis na Ballstáit, ar spriocanna an Aontais maidir le hathléimneacht ó thubaistí agus ar phleanáil cásanna, lena n-áirítear aghaidh a thabhairt ar thionchair an athraithe aeráide ar rioscaí tubaiste.

Chun a áirithiú go mbeidh rescEU ina líontán sábhála leormhaith i gcás ina gcuirfear isteach ar acmhainneachtaí na mBallstát, ba cheart don Choimisiún a bheith in ann acmhainneachtaí rescEU a fháil go díreach chun a áirithiú gur féidir líontán sábhála leordhóthanach a dhéanamh ar shócmhainní straitéiseacha chun tacú leis na Ballstáit i gcásanna treascracha amhail éigeandáil mhórsála. Tríd an méid sin a dhéanamh, áiritheoidh an Coimisiún comhsheasmhacht agus comhlántacht idir soláthar rescEU agus gníomhaíocht eile de chuid an Aontais, amhail clár EU4Health.

Gheofar líontán sábhála leormhaith d'acmhainneachtaí rescEU trí acmhainní straitéiseacha a chistiú mar aon le bonneagar bainistithe faisnéise éigeandála idirnasetha ar féidir leis freastal ar aon chineál éigeandála, is féidir a imscaradh faoi choimirce rescEU.

Beidh na cumais straitéiseacha sin forlíontach le hacmhainneachtaí na mBallstát agus cuirfidh siad tacaíocht bhreise ar fáil i gcás ina ndéanfar na Ballstáit a threascairt i bhfianaise ollmhéid na héigeandála. Ba cheart iad a shuíomh go straitéiseach roimh ré chun an cumhdach geografach is éifeachtaí mar fhreagairt ar éigeandáil a áirithiú agus ba cheart an acmhainneacht lóistíochta, trádstórála agus iompair is gá a bheith ag gabháil leo.

Ba cheart trádstóráil cúnamh agus an acmhainn iompair a bheith idirnasetha go straitéiseach chun luas an tseachadta a mhéadú agus chun dea-fheidhmiú an tsabhra soláthair a áirithiú.

Tá gá anois le córas níos solúbtha chun freagairt d'éigeandálaí ar mhórsála mar cheacht soiléir a foghlaimíodh ó ráig COVID-19. Bhainfí an éifeacht is mó is féidir as an tsásra

freagartha ina iomláine trí acmhainneachtaí breise agus solúbthacht bhreise a bheith ar fáil a mhéid a bhaineann sé le hábaltacht acmhainní rescEU a imscaradh — beag beann ar an áit a bhfuil gá leis na sócmhainní sin.

Ba cheart feabhas a chur ar ról oibríochtúil Lárionad Comhordúcháin Práinnfhreagartha E ag croílár líonra d'ionaid náisiúnta géarchéime a thacaíonn le freagairt ghasta éifeachtach an Aontais ar réimse leathan géarchéimeanna sa bhaile agus ar fud an domhain, i gcomhréir le conclúidí na Comhairle Eorpaí i mí Márta 2020. Gan dochar do na córais earnála réamhrabhaidh agus córais foláirimh agus do na sásraí freagartha ar ghéarchéimeanna atá ann cheana, bainfear é sin amach trí naisc a threisiú le heintitis ábhartha eile ar leibhéal an Aontais a bhfuil baint acu le bainistiú géarchéimeanna agus trína fheidhmeanna faireacháin agus réamhrabhaidh a neartú.

Baintear amach ullmhacht an Aontais a fheabhsú agus acmhainní breise a leithdháileadh ar Shásra an Aontais um Chosaint Shíbhialta trí bhuiséad uailmhianach chun treisiú le cumas comhchoiteann na mBallstát agus an Aontais freagairt do thubaistí agus trí bhéim níos mó a leagan ar chosc agus ar chomhleanúnachas le príomhbheartais eile de chuid an Aontais a fheabhsú. Éilíonn práinnfhreagairt freisin solúbthacht iomchuí maidir le cur chun feidhme an bhuiséid agus maidir le bearta práinne a ghlacadh i gcásanna eisceachtúla ina n-éilítear mearfhreagairt.

Tá sé beartaithe freisin sa togra seo Iarscríbhinn I a scríosadh, an Iarscríbhinn lena mbunaítear na céatadáin choibhneasta faoi láthair is ceart do gach colún de Shásra an Aontais (cosc, ullmhacht agus freagairt) a fháil ó thaobh maoinithe de ón imchlúdach airgeadais foriomlán. Mar a léiríodh le ráig COVID-19, dealraíonn sé nach bhfuil dóthain solúbthachta ag baint leis na céatadáin a leagtar amach in Iarscríbhinn I ionas gur féidir leis an Aontas na cuspóirí atá leagtha síos aige a bhaint amach. Le linn éigeandála, bíonn ualach míchuí riaracháin i gceist de dheasca na gcéatadán in Iarscríbhinn I agus d'fhéadfaidís teorainn a chur leis an tsolúbthacht is gá chun aghaidh a thabhairt ar a mbeadh riachtanach i gcás tubaistí in aon bhliain ar leith. Tá an gá le hinfheistiú i ngach céim den timthriall bainistithe riosca tubaiste, den chosc, den ullmhacht agus den fhreagairt fite fuaite i Sásra an Aontais agus treisítear é leis an togra seo.

De bhun scríosadh Iarscríbhinn I, ba cheart mír 5 agus 6 d'Airteagal 19 a scríosadh freisin toisc go dtagraíonn siad go díreach do na céatadáin a luaitear in Iarscríbhinn I.

Mar thoradh air sin, déantar leasú ar Airteagal 30 leis an togra maidir le feidhmiú tharmligean na gcumhachtaí arna dtabhairt don Choimisiún. Cé nach bhfuil athrú ar bhunábhar an Airteagail, baineadh na crostagairtí d'Airteagal 19. Níor scríosadh Airteagal 30 chun freastal ar an bhféidearthacht gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

Togra le haghaidh

CINNEADH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

lena leasaítear Cinneadh Uimh. 1313/2013/AE maidir le Sásra an Aontais Eorpaigh um Chosaint Shibhialta

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagail 196 agus 322(1)(a) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa²,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún³,

Ag féachaint don tuairim ón gCúirt Iniúchóirí

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Trí bhíthin Shásra an Aontais um Chosaint Shibhialta (“Sásra an Aontais”) a rialaítear le Cinneadh Uimh. 1313/2013/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁴, neartaítear comhar idir an tAontas agus na Ballstáit agus éascaítear comhordú i réimse na cosanta sibhialta chun freagairt an Aontais ar thubaistí nádúrtha agus ar thubaistí de dhéantús an duine a fheabhsú.
- (2) Agus aitheantas á thabhairt do phríomhchúram na mBallstát tubaistí nádúrtha nó tubaistí de dhéantús an duine a chosc agus chun ullmhú agus freagairt do na tubaistí sin, cuireann Sásra an Aontais dlúthpháirtíocht idir na Ballstáit chun cinn i gcomhréir le hAirteagal 3(3) den Chonradh ar an Aontas Eorpach.
- (3) Léiríodh leis an taithí ar phaindéim COVID-19 nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe go bhfuil éifeachtacht an Aontais i dtaca le géarchéim a bhainistiú, teoranta mar gheall ar raon feidhme a chreata rialachais, agus mar gheall ar leibhéal ullmhachta an Aontais i gcás tubaistí a mbeidh tionchar acu ar fhormhór na mBallstát.
- (4) D'iarr an Chomhairle Eorpach ina Ráiteas Comhpháirteach an 26 Márta 2020⁵ agus d'iarr Parlaimint na hEorpa ina rún an 17 Aibreán 2020⁶ ar an gCoimisiún tograí a

² IO C , , lch. .

³ IO C , , lch. .

⁴ Cinneadh Uimh. 1313/2013/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 maidir le Sásra an Aontais Eorpaigh um Chosaint Shibhialta (IO L 347, 20.12.2013, lch. 924).

⁵ Ráiteas Comhpháirteach ó Chomhaltaí na Comhairle Eorpaí, <https://www.consilium.europa.eu/media/43076/26-vc-euco-statement-en.pdf>

dhéanamh le haghaidh córas bainistithe géarchéimeanna atá níos uailmhianaí agus níos fadréimsí laistigh den Aontas.

- (5) Chun bheith níos ullmhaithe nuair a thabharfaidh teagmhais den sórt seo ár ndúshlán sa todhchaí, tá gá le gníomhaíocht phráinneach chun Sásra an Aontais a threisiú.
- (6) Chun pleanáil a fheabhsú i dtaca le cosc agus ullmhacht, ba cheart don Aontas tacú le cur chun cinn na hinfheistíochta i dtaca le cosc ar thubaistí ar fud na n-earnálacha agus i dtaca le cur chuige cuimsitheach maidir le bainistiú riosca atá ina bhonn leis an gcosc agus leis an ullmhacht, ag cur san áireamh cur chuige i leith gach cineál guaise, cur chuige atá bunaithe ar an éiceachóras agus ar an tionchar is dócha a bheidh ag an athrú aeráide, i ndlúthchomhar leis an bpobal eolaíochta ábhartha agus le príomhoibreoirí eacnamaíocha. Chun na críche sin, ba cheart cur chuige trasearnála agus uileghuaiseach a chur ar thús cadhnaíochta agus a bhunú ar spriocanna athléimneachta ar fud an Aontais, spriocanna a úsáidfear chun sainiú bonnline a chruthú i dtaca le hacmhainneachtaí agus le hullmhacht. Feidhmeoidh an Coimisiún i gcomhar leis na Ballstáit agus spriocanna athléimneachta ar fud an Aontais á sainiú aige.
- (7) Ba cheart do Shásra an Aontais leanúint de shineirgíochtaí a shaothrú leis an gClár Eorpach um Chosaint an Phríomhbhonneagair agus ba cheart na spriocanna athléimneachta sin ar fud an Aontais a bhunú le creat an Aontais maidir le cosaint agus athléimneacht an phríomhbhonneagair.
- (8) Mar ionad oibríochtúil 24/7 ar leibhéal an Aontais a bhfuil an acmhainneacht ann oibríochtaí a leanúint agus tacú leo i gcás éigeandálaí de chineálacha éagsúla, laistigh den Aontas agus lasmuigh de, i bhfíor-am, ba cheart an Lárionad Comhordúcháin Práinnfhreagartha (ERCC) a neartú a thuilleadh. Ba cheart a áireamh air sin comhordú feabhsaithe ERCC le córais náisiúnta ghéarchéimeanna agus le húdaráis náisiúnta cosanta sibhialta na mBallstát, chomh maith le comhlachtaí ábhartha eile de chuid an Aontais. Cuireann eolaithe, agus Airmheán Comhpháirteach Taighde an Choimisiúin Eorpaigh freisin, a gcuid saineolais ar fáil d'obair ERCC.
- (9) Ba cheart do Shásra an Aontais úsáid a bhaint as bonneagair spáis an Aontais amhail clár an Aontais um fhaire agus um fhaireachán na Cruinne (Copernicus), Galileo, Feasacht Staide an Spáis agus GOVSATCOM, a soláthraíonn uirlisí tábhachtacha ar leibhéal an Aontais chun freagairt d'éigeandálaí inmheánacha agus seachtracha. Tugann Córais Bainistithe Éigeandálaí Copernicus tacaíocht d'ERCC le linn na gcéimeanna éigeandála éagsúla ón luathrabhadh agus ón gcosc go dtí an tubaiste agus an téarnamh. Tá GOVSATCOM chun acmhainneacht cumarsáide satailíte sláine a sholáthar atá curtha in oiriúint do riachtanais úsáideoirí institiúideacha i mbainistiú éigeandálaí. Is é clár Galileo an chéad bhonneagar domhanda loingseoireachta agus suite satailíte a ceapadh go sonrach chun críocha sibhialta san Eoraip agus ar fud an domhain, agus féadtar é a úsáid i réimsí eile amhail bainistiú éigeandálaí, lena n-áirítear gníomhaíochtaí luathrabhaidh. Ar sheirbhísí Galileo, áireofar seirbhís éigeandála, a chraolann rabhaidh trí chomharthaí astaithe, maidir le tubaistí nádúrtha nó éigeandálaí eile i réimsí áirithe. Ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann an tseirbhís sin a úsáid. I gcás ina gcinnfidh siad an tseirbhís a úsáid, chun an córas a bhailíochtú, ba cheart dóibh na húdaráis náisiúnta atá inniúil ar an tseirbhís éigeandála sin a úsáid a shainaithint agus fógra a thabhairt don Choimisiún ina leith.

⁶ Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 17 Aibreán 2020 maidir le gníomhaíocht chomhordaithe AE chun paindéim COVID-19 agus a hiarmhairtí a chomhrac (2020/2616(RSP))

- (10) Chun go mbeadh an acmhainneacht oibríochtúil ann chun freagairt go gasta d'éigeandáil mhórscála nó do theagmhas lena ngabhann dóchúlacht íseal ach tionchar mór amhail paidéim COVID-19, ba cheart an fhéidearthacht a bheith ag an Aontas acmhainneachtaí rescEU a fháil, a fháil ar cíós, ar léas nó ar conradh chun a bheith in ann cuidiú leis na Ballstáit a rinneadh a threascairt de dheasca éigeandálaí mórscála, i gcomhréir leis an inniúlacht tacaíochta i réimse na cosanta sibhialta agus aird ar leith á tabhairt ar dhaoine leochaileacha. Déanfar na hacmhainneachtaí sin a shuíomh roimh ré i moil lóistíochta laistigh den Aontas, nó ar chúiseanna straitéiseacha, trí líonraí iontaofa de mhoil mar shampla Iostaí Freagartha Daonnúla na Náisiún Aontaithe.
- (11) D'fhéadfaí úsáid a bhaint as acmhainneachtaí rescEU a fhaigheann na Ballstáit, acmhainneachtaí a fhaigheann siad ar cíós nó ar léas, nó a fhaigheann siad ar conradh ar shlí eile ach ní fhéadfaí úsáid a bhaint as na hacmhainneachtaí sin ach amháin nuair nach n-úsáidtear le haghaidh oibríochtaí freagartha faoi Shásra an Aontais iad nó nach bhfuil gá leo sa chás sin.
- (12) I gcás inar gá, tá leas ag an Aontas i dtaca le freagairt d'éigeandálaí i dtríú tíortha. Ós rud é gur bunaíodh é go príomha mar líontán sábhála laistigh den Aontas, i gcásanna a bhfuil údar cuí leo agus ag cur san áireamh na prionsabail dhaonnúla, d'fhéadfaí acmhainneachtaí rescEU a imscaradh lasmuigh den Aontas Eorpach.
- (13) D'fhonn tacú leis na Ballstáit an cúnamh a chur ar fáil, ba cheart treisiú leis an Díorma Eorpach um Chosaint Shibhialta a thuilleadh trí chostais oibriúcháin na n-acmhainneachtaí a gealladh a chómhaoiniú i gcás ina n-imscarfar lasmuigh den Aontas é.
- (14) Tá sé bunriachtanach an t-iompar agus an acmhainneacht lóistíochta is gá a fháil le go mbeidh an tAontas in ann freagairt do chás éigeandála de chineál ar bith laistigh den Aontas agus lasmuigh de. Tá sé ríthábhachtach seirbhísí aerárthaí ilchuspóireacha a chur ar fáil i gcás éigeandálaí agus chun iompar agus seachadadh tráthúil an chúnaimh agus na cabhrach a áirithiú laistigh den Aontas agus chuig tíortha lasmuigh den Aontas agus amach uathu freisin. Ba cheart acmhainneachtaí iompair a áireamh le hacmhainneachtaí rescEU freisin.
- (15) Le Sásra an Aontais ba cheart an cúnamh iompair is gá i gcás tubaistí comhshaoil a chur ar fáil freisin trí chur chun cinn an phrionsabail “gurb é údar an truaillithe a íocfaidh as” i gcomhréir le hAirteagal 191(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), chomh maith le Treoir 2004/35/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁷ i ndáil le dliteanas comhshaoil maidir le damáiste don chomhshaoil a chosc agus a leigheas.
- (16) Ós rud é go soláthraítear breisluach suntasach don Aontas de bharr as acmhainneachtaí rescEU a imscaradh le haghaidh oibríochtaí freagartha faoi Shásra an Aontais trí fhreagairt éifeachtach, ghasa a áirithiú do dhaoine i gcásanna éigeandálaí, ba cheart oibleagáidí breise maidir le hinfheictheacht a thabhairt go mbeidh an tAontas Eorpach ar thús cadhnaíochta.
- (17) Chun an tsolúbthacht a mhéadú agus chun an buiséad a chur chun feidhme ar an tslí is fearr is féidir, ba cheart an bhainistíocht indíreach a áireamh mar mhodh cur chun feidhme buiséid.

⁷

Treoir 2004/35/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Aibreán 2004 maidir le dliteanas comhshaoil i ndáil le damáiste don chomhshaoil a chosc agus a leigheas (IO L 143, 30.04.2004, lch.56)

- (18) D'fhonn intuarthacht agus éifeachtacht fhadtéarmach a chur chun cinn, agus Cinneadh Uimh. 1313/2013/AE á chur chun feidhme, ba cheart don Choimisiún cláir oibre bhliantúla nó ilbhliantúla a ghlacadh ina léirítear na leithdháiltí beartaithe. Leis sin ba cheart cabhrú le solúbthacht an Aontais i dtaca le forghníomhú an bhuiséid agus, dá bharr sin, feabhas a chur ar a chuid gníomhaíochtaí maidir le cosc agus ullmhacht.
- (19) I gcomhréir le Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046⁸ (an ‘Rialachán Airgeadais’) agus (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁹ agus Rialachán (Euratom, CE) Uimh. 2988/95¹⁰, (Euratom, CE) Uimh. 2185/96¹¹ agus (AE) 2017/1939¹² ón gComhairle, déanfar leasanna airgeadais an Aontais a chosaint trí bhearta comhréireacha, lena n-áirítear neamhrialtachtaí, an chalaois san áireamh, a chosc, a bhrath, a cheartú agus a imscrúdú, cistí a cailleadh, a íocadh go mícheart nó a úsáideadh go mícheart a ghnóthú agus, i gcás inarb iomchuí, pionóis riaracháin a fhorchur. Go háirithe, i gcomhréir le Rialachán (Euratom, CE) Uimh. 2185/96 agus (AE, Euratom) Uimh. 883/2013, féadfaidh an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) imscrúduithe riaracháin a dhéanamh, lena n-áirítear seiceálacha agus cigireachtaí ar an láthair, d'fhonn a shuí ar tharla calaois, éilliú nó aon ghníomhaíocht neamhdhleathach eile a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais. I gcomhréir le Rialachán (AE) 2017/1939, féadfaidh Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (‘OIPE’) cionta in aghaidh leasanna airgeadais an Aontais a imscrúdú agus a ionchúiseamh, de réir mar a fhoráiltear dó i dTreoir (AE) 2017/1371¹³ ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle. I gcomhréir leis an Rialachán Airgeadais, ní mór d' aon duine nó eintiteas a fhaigheann cistí de chuid an Aontais comhoibriú go hiomlán i gcosaint leasanna airgeadais an Aontais, na cearta agus an rochtain is gá a dheonú don Choimisiún, do OLAF agus do OIPE i dtaca leis na Ballstáit sin atá rannpháirteach sa chomhar feabhsaithe de bhun Rialachán (AE) 2017/1939, agus do Chúirt Iniúchóirí na hEorpa, agus a áirithiú go ndeonóidh aon tríú páirtí cearta coibhéiseacha, tríú páirtí a mbeidh baint aige le cur chun feidhme cistí de chuid an Aontais. Ar an ábhar sin, ba cheart forálacha a bheith sna comhaontuithe le tríú tíortha agus críocha agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta, agus in aon chonradh nó comhaontú a thiocfaidh as an gCinneadh seo a chur chun feidhme, ar forálacha iad lena dtabharfar de chumhacht

⁸ Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1)

⁹ Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Meán Fómhair 2013 maidir le himscrúduithe arna ndéanamh ag an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1073/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (Euratom) Uimh. 1074/1999 ón gComhairle (IO L 248, 18.9.2013, lch. 1)

¹⁰ Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 2988/95 ón gComhairle an 18 Nollaig 1995 maidir le leasanna airgeadais na gComhphobal Eorpach a chosaint (IO L 312, 23.12.1995, lch. 1)

¹¹ Rialachán (Euratom, CE) Uimh. 2185/96 ón gComhairle an 11 Samhain 1996 maidir le seiceálacha agus cigireachtaí ar an láthair arna ndéanamh ag an gCoimisiún chun leasanna airgeadais na gComhphobal Eorpach a chosaint i gcoinne na calaoise agus neamhrialtachtaí eile (IO L 292, 15.11.1996, lch. 2)

¹² Rialachán (AE) 2017/1939 ón gComhairle an 12 Deireadh Fómhair 2017 lena gcuirtear chun feidhme comhar feabhsaithe maidir le bunú Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (‘OIPE’) (IO L 283, 31.10.2017, lch. 1)

¹³ Treoir (AE) 2017/1371 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Iúil 2017 maidir leis an gcomhrac in aghaidh na calaoise ar leasanna airgeadais an Aontais trí bhíthin an dlí choiriúil (IO L 198, 28.7.2017, lch. 29)

don Choimisiún, do Chúirt Iniúcháirí na hEorpa, do OIPE agus do OLAF go sainráite iniúchtaí, seiceálacha agus cigireachtaí den sórt sin a dhéanamh ar an láthair i gcomhréir lena gcuid inniúlachtaí faoi seach agus lena n-áiritheofar go ndéanfaidh aon tríú páirtí a bheidh páirteach i gcur chun feidhme ceart coibhéiseach i ndáil le deontais chistiúcháin an Aontais a thabhairt.

- (20) Féadfaidh tríú tíortha ar comhaltaí den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch iad a bheith rannpháirteach i gclár de chuid an Aontais faoi chuimsiú an chomhair arna bhunú faoin gComhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch, ina ndéantar foráil maidir le cur chun feidhme na gclár le cinneadh faoin gComhaontú sin. Féadfaidh tríú tíortha a bheith rannpháirteach freisin ar bhonn ionstraimí dlí eile. Ba cheart foráil shonrach a thabhairt isteach sa Chinneadh seo chun na cearta agus an rochtain is gá a thabhairt don oifigeach údarúcháin atá freagrach, do OLAF agus do Chúirt Iniúcháirí na hEorpa ionas go bhféadfaidh gach ceann díobh a gcuid inniúlachtaí féin a fheidhmiú ar bhonn cuimsitheach.
- (21) Ba cheart a thabhairt de chumhacht don Choimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh a bheidh infheidhme láithreach bonn, i gcás éigeandála a chaithfear dul i ngleic leis láithreach bonn, i gcásanna a mbeidh údar cuí leo, más rud é go n-éilítear amhlaidh ar mhórfhorais phráinne. A bhuí leis sin, bheadh an tAontas in ann freagra a thabhairt gan mhoill ar éigeandálaí mórsála a bhféadadh tionchar mór a bheith acu ar shaol daoine, ar an tsláinte, ar an gcomhshaol, ar mhaoín, ar an oidhreacht chultúrtha, agus ar fhormhór na mBallstát ag an am céanna.
- (22) Ní mór na figiúirí nua dá bhforáiltear i dtogra nuashonraithe an Choimisiúin le haghaidh creat airgeadais ilbhliantúil (“CAP”) 2021-2027 a chur in ionad an imchlúdaigh airgeadais a leagtar amach in Airteagal 19 de Chinneadh Uimh. 1313/2013/AE a ionadú leis.
- (23) Cé go bhfuil bearta maidir le cosc agus ullmhacht fíor-riachtanach cur le stóinseacht an Aontais agus é ag dul i ngleic le tubaistí nádúrtha agus tubaistí de dhéantús an duine, ní féidir tubaistí a thuar, uainiú ná ollmhéid tubaistí, mar go dtarlaíonn siad gan choinne. Mar a léiríodh le linn ghéarchéim COVID-19 le déanaí, féadfar athrú suntasach a bheith ar na hacmhainní airgeadais a iarrtar ó bhliain go bliain chun freagairt leormhaith a áirithiú agus ba cheart na hacmhainní sin a chur ar fáil láithreach. Chun prionsabal na hintuarthachta agus an gá atá le freagairt go mear do riachtanais nua a thabhairt le chéile, ní mór cur chun feidhme airgeadais na gclár a oiriúnú dá bharr sin. Dá réir sin, is iomchuí tabhairt anonn leithreasuithe nár úsáideadh a údarú, agus a theorannú don bhliain dár gcionn agus a bheith dírithe go hiomlán ar ghníomhaíocht freagartha, sa bheis ar Airteagal 12(4) den Rialachán Airgeadais.
- (24) I gcomhréir le Rialachán (Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh) agus laistigh de teorainneacha na n-acmhainní a leithdháiltear ann, ba cheart bearta maidir le téarnamh agus athléimneacht a dhéanamh faoi Shásra an Aontais um Chosaint Shibhialta chun aghaidh a thabhairt ar thionchar ghéarchéim COVID-19, nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe¹⁴. Ba cheart na hacmhainní breise sin a úsáid ar bhealach lena n-áiritheofar go gcomhlíonfar na teorainneacha ama dá bhforáiltear i Rialachán [Tionscnamh Athléimneachta Eacnamaíoch].
- (25) Níl Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh Uimh. 1313/2013/AE solúbtha a dóthain le go mbeidh an tAontas in ann infheistíochtaí i gcosc, ullmhacht agus freagairt a

¹⁴

IO L

choigeartú go cuí agus, ar an ábhar sin, scriostar í. Ní mór a chinneadh roimh ré cé na leibhéil infheistíochta atá le leithdháileadh ar chéimeanna éagsúla an timthrialla i leith bainistiú riosca tubaiste. Fágann an easpa solúbthachta sin nach mbíonn an tAontas in ann freagairt chuí a thabhairt ar thubaistí, toisc nach féidir iad a thuar.

- (26) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh Uimh. 1313/2013/AE a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Cinneadh Uimh. 1313/2013/AE mar a leanas:

- (1) In Airteagal 3(2), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b):

“(b) dul chun cinn maidir leis an leibhéal ullmhachta a mhéadú i leith tubaistí: arna thomhas bunaithe ar chainníocht na n-acmhainneachtaí freagartha san áireamh sa Díorma Eorpach um Chosaint Shibhialta i ndáil leis na spriocanna acmhainneachta dá dtagraítear in Airteagal 11, an líon modúl cláraithe sa CECIS agus líon acmhainneachtaí rescEU arna mbunú chun cúnamh a thabhairt i gcásanna treascracha;”;

- (2) Leasaítear Airteagal 6 mar a leanas:

- (a) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (e) de mhír 1:

“(e) beidh siad rannpháirteach, ar bhonn deonach, i bpiarmheasúnuithe ar an measúnú ar an gcumas bainistithe riosca”;

- (b) Cuirtear an pointe (f) a leanas isteach:

“(f) bailiú sonraí ar a gcailltear de dheasca tubaistí, a fheabhsú ar an leibhéal náisiúnta nó ar an leibhéal fo-náisiúnta iomchuí chun cruthú creatlaí cáis ar bhonn fianaise dá dtagraítear in Airteagal 10(1) a áirithiú”;

- (c) Cuirtear an mhír 5 seo a leanas leis:

“5. Saineoidh an Coimisiún spriocanna athléimneachta an Aontais chun tacú le gníomhaíochtaí maidir le cosc agus ullmhacht. Áiritheofar leis na spriocanna athléimneachta, bonnlíne choiteann maidir le feidhmeanna criticiúla na sochaí a choinneáil ar bun, mar chosaint ar éifeachtaí cascáideacha de dheasca tubaiste lena ngabhann tionchar mór agus chun feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh a áirithiú. Beidh na spriocanna bunaithe ar chásanna réamhbhreathnaitheacha, lena n-áirítear tionchair an athraithe aeráide ar an riosca tubaiste, sonraí faoi theagmhais atá thart agus measúnú tionchair trasearnála ina dtugtar aird faoi leith ar dhaoine leochaileacha.

Tabharfar de chumhacht don Choimisiún i gcás inar gá, gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 30 chun spriocanna athléimneachta an Aontais a shainiú.”;

- (3) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 7:

‘Airteagal 7

An Lárionad Comhordúcháin Práinnfhreagartha

1. Bunaítear Lárionad Comhordúcháin Práinnfhreagartha (ERCC). Áiríteoidh ERCC acmhainneacht oibríochtúil 24/7, agus cuideoidh sé leis na Ballstáit agus leis an gCoimisiún agus iad ag gabháil do chuspóirí Shásra an Aontais.

Déanfaidh ERCC go háirithe freagairt d'éigeandálaí ar leibhéal an Aontais a chomhordú, déanfaidh sé faireachán ar an bhfreagairt agus tacóidh sé léi i bhfíor-am. Oibreoidh ERCC i ndlúth-theagmháil leis na córais náisiúnta ghéarchéime le comhlachtaí cosanta sibhialta agus le comhlachtaí ábhartha an Aontais.

2. Beidh rochtain ag ERCC ar acmhainneachtaí oibríochtúla, anailiseacha, faireacháin, bainistithe agus cumarsáide chun aghaidh a thabhairt ar réimse leathan éigeandálaí laistigh den Aontas agus lasmuigh de.”;

(4) Leasaítear Airteagal 8 mar a leanas:

- (a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (c):

“(c) oibriú i gcomhar leis na Ballstáit

- chun córais braite agus rabhaidh ar leibhéal trasnáisiúnta a fhorbairt ar leas an Aontais;
- comhtháthú níos fearr a dhéanamh ar na córais atá ann cheana ag leanúint de chur chuige ilghuaiseach agus ag laghdú na tréimhse feithimh a thógann sé freagairt do thubaistí;
- an acmhainn um fheasacht staide agus anailíse a choinneáil ar bun agus a fhorbairt;
- faireachán a dhéanamh ar thubaistí agus ar thionchair an athraithe aeráide i gcás inarb ábhartha, agus comhairle bunaithe ar eolas eolaíochta a chur ar fáil ina dtaobh;
- faisnéis oibríochtúil a dhéanamh den fhaisnéis eolaíochta;
- comhpháirtíochtaí eolaíochta Eorpacha a chruthú, a choinneáil ar bun agus a fhorbairt, a chumhdóidh guaiseacha nádúrtha agus guaiseacha de dhéantús an duine agus, dá réir sin, ar cheart do na comhpháirtíochtaí sin an idirnasacht idir córais luathrabhaidh náisiúnta agus córais foláirimh agus a nascacht le ERCC agus CECIS, a chur chun cinn;
- tacú le hiarrachtaí na mBallstát agus le heagraíochtaí sainordaitheacha idirnáisiúnta trí heolas eolaíochta, teicneolaíochtaí nuálacha agus saineolas nuair a dhéanann na comhlachtaí sin tuilleadh forbartha ar a gcuid córas luathrabhaidh.”;

- (b) Cuirtear an pointe (l) a leanas isteach:

“(l) tacú leis na Ballstáit ó thaobh anailís maidir le feasacht staide spriocdhírthe de, lena n-airítear trí chomhoibriú le seirbhísí luathrabhaidh.”;

(5) In Airteagal 9, cuirtear an mhír seo a leanas leis:

‘10. Nuair a chuireann Galileo, Copernicus nó GOVSATCOM seirbhísí éigeandála nó gnéithe eile den Chlár Spáis¹⁵ ar fáil, féadfaidh gach Ballstát a chinneadh úsáid a bhaint astu.

I gcás ina gcinntídh Ballstát seirbhísí éigeandála Galileo dá dtagraítear sa chéad fhomhír a úsáid, déanfaidh sé na húdaráis náisiúnta atá údaraithe an tseirbhís éigeandála sin a úsáid a shainaithint agus tabharfaidh sé fógra don Choimisiún ina leith.”;

- (6) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 10:

“Airteagal 10

Pleanáil maidir le hathléimneacht

‘1. Oibreoidh an Coimisiún agus na Ballstáit le chéile chun feabhas a chur ar an bpleanáil athléimneachta trasearnála, le haghaidh tubaistí nádúrtha agus tubaistí de dhéantús an duine araon a bhféadfadh éifeacht trasteorann a bheith acu, lena n-áirítear éifeachtaí díobhálacha an athraithe aeráide. Áireofar leis an bpleanáil athléimneachta, cruthú creatlaí cáis ar leibhéal an Aontais le haghaidh cosc agus freagairt do thubaistí bunaithe ar na measúnuithe riosca dá dtagraítear i bpointe (a) d’Airteagal 6(1) agus ar fhorléargas ar na rioscaí dá dtagraítear i bpointe (c) d’Airteagal 5(1), ar an bpleanáil a dhéantar i dtaca le bainistiú rioscaí tubaistí dá dtagraítear i bpointe (c) d’Airteagal 6(1), ar shonraí ar a gcailltear de dheasca tubaistí dá dtagraítear i bpointe (f) d’Airteagal 6(1), ar shócmhainní a mhapáil agus ar phleananna a fhorbairt chun acmhainneachtaí freagartha a imscaradh, ag cur san áireamh spriocanna an Aontais maidir leis an athléimneacht dá dtagraítear in Airteagal 6(5).

2. Sainaithneoidh agus cuirfidh an Coimisiún agus na Ballstáit sineirgíochtaí chun cinn idir cúnamh cosanta sibhialta agus cistiú le haghaidh cabhair dhaonnúil arna gcur ar fáil ag an Aontas agus ag na Ballstáit agus oibríochtaí freagartha le haghaidh géarchéimeanna daonnúla i ndáil le hathléimneacht ó thubaistí lasmuigh den Aontas, á bpleanáil.”;

- (7) In Airteagal 11, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

‘2. Ar bhonn na rioscaí a shainaithnítear, na spriocanna athléimneachta dá dtagraítear in Airteagal 6(5), chruthú creatlaí cáis dá dtagraítear in Airteagal 10(1) na n-acmhainneachtaí foriomlána agus na mbearnaí, saineoidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme arna nglacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 33(2), cineálacha agus líon na bpríomh-acmhainneachtaí freagartha is gá don Díorma Eorpach um Chosaint Shibhialta (“spriocanna acmhainneachta”).

Déanfaidh an Coimisiún, i gcomhar leis na Ballstáit, faireachán ar an dul chun cinn i dtreo na spriocanna acmhainneachta a leagtar amach sna gníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo, agus sainaithneoidh sé aon bhearnaí móra sna hacmhainneachtaí freagartha sa Díorma Eorpach um Chosaint Shibhialta a d’fhéadfadh a bheith suntasach. I gcás inar sainaithníodh bearnaí den sórt

¹⁵ Rialachán (AE) 2019/...ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear clár spáis an Aontais agus Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um an gClár Spáis agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 912/2010, (AE) Uimh. 1285/2013, (AE) Uimh. 377/2014 agus Cinneadh 541/2014/AE

sin, scrúdóidh an Coimisiún an bhfuil na hacmhainneachtaí is gá ar fáil do na Ballstáit lasmuigh den Díorma Eorpach um Chosaint Shibhialta. Déanfaidh an Coimisiún na Ballstáit a spreagadh chun aghaidh a thabhairt ar bhearnaí suntasacha sna hacmhainneachtaí freagartha atá sa Díorma Eorpach um Chosaint Shibhialta. Féadfaidh sé tacú leis na Ballstáit sa mhéid sin i gcomhréir le hAirteagail 20, 21(1)(i) agus (2).”;

(8) Leasaítear Airteagal 12 mar a leanas:

(a) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2 agus mír 3:

“2. Saineoidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme arna nglacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 33(2), na hacmhainneachtaí a bheidh in rescEU, bunaithe ar na spriocanna athléimneachta dá dtagraítear in Airteagal 6(5), ar an gcruthú creatlaí cáis dá dtagraítear in Airteagal 10(1), ag cur san áireamh rioscaí arna sainaithint agus rioscaí atá ag teacht chun cinn, agus acmhainneachtaí agus bearnaí foriomlána ar leibhéal an Aontais, go háirithe i réimsí aerchomhrac na ndóiteán foraoise, na dteagmhas ceimiceach, bitheolaíoch, raideolaíoch agus núicléach agus na práinnfhreagartha leighis.

3. Is é an Coimisiún nó na Ballstáit a dhéanfaidh acmhainneachtaí rescEU a fháil, a fháil ar cíós, ar léas nó a fháil ar conradh ar shlí eile. Féadfaidh an Coimisiún acmhainneachtaí rescEU a fháil, a fháil ar cíós ar léas nó ar conradh ar shlí eile chun soláthairtí a stocáil agus a dháileadh nó chun seirbhísí a chur ar fáil do na Ballstáit, trí nósanna imeachta soláthair i gcomhréir le rialacha airgeadais an Aontais. I gcás ina bhfaighidh na Ballstáit acmhainneachtaí rescEU, ina bhfaighidh siad iad ar cíós, ar léas nó ar conradh ar shlí eile, féadfaidh an Coimisiún deontais dhíreacha a dhámhachtain ar na Ballstáit gan glao ar thograí.

Féadfaidh an Coimisiún agus aon Bhallstát, páirt a ghlacadh, más mian leo, i nós imeachta maidir le soláthar comhpháirteach de bhun Airteagal 165 den Rialachán Airgeadais d'fhonn acmhainneachtaí rescEU a fháil.

Beidh acmhainneachtaí rescEU á n-óstáil ag na Ballstáit a fhaigheann na hacmhainneachtaí sin, a fhaigheann ar cíós nó ar léas iad, nó a fhaigheann ar conradh ar shlí eile iad. Ní mór acmhainneachtaí rescEU a fhaigheann an Coimisiún, a fhaigheann an Coimisiún ar cíós nó ar léas nó ar conradh ar shlí eile, a shuíomh go straitéiseach roimh ré laistigh den Aontas chun athléimneacht an Aontais a fheabhsú. I gcomhairle leis na Ballstáit, féadfar acmhainneachtaí rescEU a fhaigheann an Coimisiún, a fhaigheann sé ar cíós, ar léas nó ar conradh ar shlí eile, féadfar iad a lonnú i dtríú tíortha trí líonraí iontaofa arna mbainistiú ag eagraíochtaí idirnáisiúnta ábhartha”;

(b) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre de mhír 10:

“féadfar acmhainneachtaí rescEU a imscaradh lasmuigh den Aontas i gcomhréir le míreanna 6 go 9 den Airteagal seo”;

(9) In Airteagal 15(3), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b):

“(b) faisnéis bhailíochtaithe faoin gcás a bhailiú, agus anailísiú a dhéanamh uirthi i gcomhar leis an mBallstát atá buailte, d'fhonn feasacht staide choiteann a bhunú agus an fhaisnéis sin a scaipeadh ar na Ballstáit”;

(10) In Airteagal 17, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1 agus mír 2:

‘1. Féadfaidh an Coimisiún foireann saineolaithe ar a bhfuil saineolaithe arna soláthar ag na Ballstáit a roghnú, a cheapadh agus a sheoladh:

- (a) ar iarraidh ar shaineolas ar an gcosc i gcomhréir le hAirteagal 5(2);
- (b) ar iarraidh ar shaineolas ullmhachta i gcomhréir le hAirteagal 13(3);
- (c) i gcás tubaiste laistigh den Aontas dá dtagraítear in Airteagal 15(5);
- (d) i gcás tubaiste lasmuigh den Aontas dá dtagraítear in Airteagal 16(3);

Féadfar saineolaithe ón gCoimisiún agus ó sheirbhísí eile de chuid an Aontais a thabhairt isteach san fhoireann chun tacú leis an bhfoireann agus chun idirchaidreamh le ERCC a éascú. Féadfar saineolaithe a sheol gníomhaireachtaí na Náisiún Aontaithe nó eagraíochtaí idirnáisiúnta eile a thabhairt isteach san fhoireann chun comhar a neartú agus measúnuithe comhpháirteacha a éascú.

I gcás ina mbeidh ceanglas maidir leis an éifeachtacht oibríochtúil ann, feadfaidh an Coimisiún tuilleadh saineolaithe, agus tacaíocht theicniúil agus eolaíoch a éascú, trí imscaradh agus úsáid a bhaint as saineolas eolaíochta, saineolas éigeandála leighis agus saineolas earnála.

2. Seo a leanas an nós imeachta a bheidh ann maidir le saineolaithe a roghnú agus a cheapadh:

- (a) Ainmneoidh na Ballstáit saineolaithe, faoina bhfreagracht, ar féidir iad a imscaradh mar bhaill d'fhoirne saineolaithe;
- (b) roghnóidh an Coimisiún na saineolaithe agus ceannaire na bhfoirne sin ar bhonn a gcáilíochtaí agus a dtaithí, lena n-áirítear leibhéal na hoiliúna maidir le Sásra an Aontais a fuair siad, an taithí a fuair siad roimhe sin ar mhisin faoi Shásra an Aontais agus obair fóirithinte idirnáisiúnta eile; beidh an roghnúchán bunaithe ar chritéir eile chomh maith, lena n-áirítear scileanna teanga, lena áirithiú go mbeidh na scileanna a theastaíonn sa chás sonrach ag an bhfoireann ina hiomláine;
- (c) ceapfaidh an Coimisiún saineolaithe agus ceannairí foirne don mhisean i gcomhaontú lena Bhallstát ainmnithe.

Tabharfaidh an Coimisiún fógra do na Ballstáit faoin tacaíocht bhreise ó shaineolaithe a thugtar, i gcomhréir le mír 1”;

(11) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 18.;

‘Airteagal 18

Iompar agus trealamh

1. I gcás tubaiste, laistigh nó lasmuigh den Aontas, féadfaidh an Coimisiún tacú leis na Ballstáit rochtain a fháil ar threalamh nó ar acmhainní iompair agus lóistíochta mar a leanas:

- (a) faisnéis a sholáthar agus a chomhroinnt maidir le trealamh agus acmhainní iompair agus lóistíochta ar féidir leis na Ballstáit iad a chur ar fáil, d'fhonn comhthiomsú an trealamh nó na n-acmhainní iompair agus lóistíochta sin a éascú;
- (b) cabhrú leis na Ballstáit acmhainní iompair agus lóistíochta a d'fhéadfadh a bheith ar fáil ó fhoinsí eile, lena n-áirítear an margadh tráchtála, a shainaithint, agus rochtain orthu a éascú; nó

(c) cabhrú leis na Ballstáit trealamh a d'fhéadfadh a bheith ar fáil ó fhoinsí eile, lena n-áirítear an margadh tráchtála, a shainaithint.

2. D'fhéadfadh an Coimisiún na hacmhainní iompair agus lóistíochta atá á soláthar ag na Ballstáit a chomhlánú trí acmhainní breise a sholáthar atá riachtanach chun mearfhreagairt do thubaistí a áirithiú.

3. Ní bheidh sa chúnamh a iarrann Ballstát nó tríú tír ach amháin acmhainní iompair agus lóistíochta chun freagairt do thubaistí le soláthairtí fóirithinte nó trealamh arna soláthar i dtríú tír ag an mBallstát nó ag an tír iarrthach.”;

(12) Leasaítear Airteagal 19 mar a leanas:

(a) cuirtear an mhír seo a leanas isteach:

‘1a. Is é EUR 1 268 282 000 i bpraghsanna reatha a bheidh san imchlúdach airgeadais do chur chun feidhme Shásra an Aontais don tréimhse 2021 go 2027.’;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

‘2. Is é a bheidh i leithreasuithe a thiofadh as aisíocaíocht arna ndéanamh ag na faighteoirí le haghaidh gníomhaíochtaí freagartha do thubaistí ina n-ioncam sannta de réir bhrí Airteagal 21(5) den Rialachán Airgeadais.’;

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

‘4. Leithdháilfear an t-imchlúdach airgeadais dá dtagraítear i mír 1 chun gníomhaíochtaí i dtaca le cosc ar thubaistí nádúrtha agus ar thubaistí de dhéantús an duine, i dtaca le hullmhú agus freagairt dóibh, a chumhdach.’;

(d) scriostar mír 5 agus mír 6.

(13) Cuirtear an tAirteagal seo a leanas isteach:

“Airteagal 19a

Acmhainní ó Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh

Cuirfear na bearta dá dtagraítear in Airteagal 2 de Rialachán [Tionscnamh Athléimneachta Eacnamaíoch] faoin gcinneadh seo chun feidhme trí na méideanna dá dtagraítear i bpointe (iv) d'Airteagal 3(2)(a) den Rialachán sin, faoi réir Airteagail 4(4) agus (8) de.

Measfar na méideanna sin a bheith ina n-ioncam sannta seachtrach i gcomhréir le hAirteagal 21(5) de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle”;

(14) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 20a:

“Airteagal 20a

Infheictheacht agus gradaim

Tabharfaidh faighteoirí cistithe ón Aontas agus faighteoirí an chúnamh a cuireadh ar fáil, aitheantas d'fhoinsé an chistithe ón Aontas agus áiritheoidh siad infheictheacht an chistithe ón Aontas (go háirithe nuair a bhíonn na gníomhaíochtaí agus a dtorthaí á bpoiblíú) trí fhaisnéis spriocdhírithí atá comhleanúnach, éifeachtach agus comhréireach a sholáthar do shainghrúpaí éagsúla, lena n-áirítear na meáin agus an pobal.

Beidh an infheictheacht iomchuí ag gabháil i ndáil le haon chúnamh nó le haon chistiú a chuirtear ar fáil faoin gCinneadh seo. Go háirithe, áiritheoidh na Ballstáit go

gcumhdófar leis an gcumarsáid phoiblí i dtaca le hoibríochtaí arna gcistiú faoi Shásra an Aontais an méid seo a leanas:

- tagairtí iomchuí do Shásra an Aontais a chur san áireamh;
- amharcbhrandáil a chur ar fáil i dtaca leis na hacmhainneachtaí arna gcistiú nó arna gcomhchistiú ag Sásra an Aontais;
- gníomhaíochtaí a dhéanamh ar a bhfuil suaitheantas an Aontais;
- cumarsáid réamhghníomhach a dhéanamh leis na meáin náisiúnta le páirtithe leasmhara agus lena gcuid cainéal cumarsáide féin maidir le tacaíocht an Aontais;
- tacaíocht a thabhairt do ghníomhaíochtaí cumarsáide an Choimisiún maidir leis na hoibríochtaí.

2. Cuirfidh an Coimisiún chun feidhme gníomhaíochtaí faisnéise agus cumarsáide a bhaineann leis an gCinneadh seo, lena ghníomhaíochtaí agus lena thorthaí. Na hacmhainní airgeadais a leithdháilfear ar an gCinneadh seo, beidh siad ina gcuidiú i dtaobh cumarsáid chorpóraideach thosaíochtaí polaitiúla an Aontais freisin, a fhad a bhaineann siad sin leis na cuspóirí dá dtagraítear in Airteagal 3(1).

3. Bronnfaidh an Coimisiún boinn chun gealltanais sheanbhunaithe agus rannchuidiú urghnách le Sásra an Aontais a aithint agus a urramú.”;

(15) Leasaítear Airteagal 21 mar a leanas:

(a) I mír 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (g):

“(g) pleanáil maidir le hathléimneacht a fhorbairt faoi Shásra an Aontais, dá dtagraítear in Airteagal 10”;

(b) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

‘3. Leis an gcúnamh airgeadais don ghníomhaíocht dá dtagraítear i bpointe (j) de mhír 1, cumhdófar na costais uile atá riachtanach chun a áirithiú gur féidir acmhainneachtaí rescEU a chur ar fáil agus a imscaradh faoi Shásra an Aontais i gcomhréir leis an dara fómhír den mhír seo. Leagfar amach in Iarscríbhinn Ia, catagóirí na gcostas incháilithe is gá chun a áirithiú gur féidir acmhainneachtaí rescEU a chur ar fáil agus a imscaradh.

Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 30 chun Iarscríbhinn Ia a leasú maidir le catagóirí na gcostas incháilithe.

Féadfar an cúnamh airgeadais dá dtagraítear sa mhír seo a chur chun feidhme trí chláir oibre ilbhliantúla. I gcás gníomhaíochtaí a mhaireann níos faide ná bliain amháin, féadfar na leithreasuithe buiséadacha a mhiondealú i dtráthchodanna bliantúla.”;

(c) scriostar mír 4.

(16) In Airteagal 22, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b):

(b) i gcás tubaiste, cuidiú leis na Ballstáit rochtain a fháil ar threalamh agus ar acmhainní iompair agus lóistíochta mar a shonraítear in Airteagal 23;”;

(17) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 23:

‘Airteagal 23

Gníomhaíochtaí incháilithe a bhaineann le trealamh agus le hoibríochtaí

1. Beidh na gníomhaíochtaí seo a leanas incháilithe le haghaidh cúnamh airgeadais chun rochtain ar threalamh agus ar acmhainní iompair agus lóistíochta a cheadú faoi Shásra an Aontais:

- (a) faisnéis a sholáthar agus a chomhroinnt maidir le trealamh agus acmhainní iompair agus lóistíochta ar féidir leis na Ballstáit a chinneadh iad a chur ar fáil, d'fhonn comhthiomsú an trealaime nó na n-acmhainní iompair agus lóistíochta sin a éascú;
- (b) cabhrú leis na Ballstáit acmhainní iompair agus lóistíochta a d'fhéadfadh a bheith ar fáil ó fhoinsí eile, lena n-áirítear an margadh tráchtála, a shainaithint, agus rochtain orthu a éascú;
- (c) cabhrú leis na Ballstáit trealamh a d'fhéadfadh a bheith ar fáil ó fhoinsí eile, lena n-áirítear an margadh tráchtála, a shainaithint;
- (d) acmhainní iompair agus lóistíochta atá riachtanach chun mearfhreagairt do thubaistí, a mhaoiniú. Ní bheidh na gníomhaíochtaí sin incháilithe le haghaidh tacaíocht airgeadais ach amháin má bhíonn na critéir seo a leanas á gcomhlíonadh:
 - (i) tá iarraidh ar chúnamh déanta faoi Shásra an Aontais i gcomhréir le hAirteagail 15 agus 16;
 - (ii) tá na hacmhainní iompair agus lóistíochta breise riachtanach chun éifeachtacht na freagartha do thubaistí faoi Shásra an Aontais a áirithiú;
 - (iii) comhfhreagraíonn an cúnamh do na riachtanais atá sainaitheanta ag ERCC agus tá sé á chur ar fáil i gcomhréir leis na moltaí atá déanta ag ERCC maidir leis na sonraíochtaí teicniúla, leis an gcaighdeán, leis an uainiú agus leis na módúlachtaí chun é a chur ar fáil;
 - (iv) tá glactha ag an tír iarrthach leis an gcúnamh, go díreach nó trí na Náisiúin Aontaithe nó a ngníomhaireachtaí, nó eagraíocht idirnáisiúnta ábhartha, faoi Shásra an Aontais;
 - (v) comhlánaíonn an cúnamh, le haghaidh tubaistí i dtríú tíortha, aon fhreagairt dhaonnúil fhoriomlán ón Aontas.

1a. Ní bheidh méid an chúnaime airgeadais ón Aontas i gcomhair iompar na n-acmhainneachtaí nach bhfuil geallta don Díorma Eorpach um Chosaint Shibhialta roimh ré ná nó nach bhfuil imscartha i gcás tubaiste nó i gcás tubaiste atá ar tí tarlú san Aontas nó lasmuigh den Aontas agus i gcomhair aon tacaíocht iompair eile is gá chun freagairt do thubaiste, os cionn 75 % den chostas iomlán incháilithe.

2. Ní bheidh méid an chúnaime airgeadais ón Aontas i gcomhair acmhainneachtaí atá réamhgheallta don Díorma Eorpach um Chosaint Shibhialta os cionn 75 % de na costais a bhaineann leis na hacmhainneachtaí a oibriú, lena n-áirítear iompar, i gcás tubaiste nó i gcás tubaiste atá ar tí tarlú laistigh den Aontas nó lasmuigh de.

4. Ina theannta sin, féadfaidh cúnamh airgeadais ón Aontas i gcomhair acmhainní iompair agus lóistíochta 100 % de na costais incháilithe iomlána ar a mhéad a chumhdach, a shainítear i bpointí (a) go (d), i gcás inar gá sin le go mbeidh comhthiomsú an chúnaime éifeachtach ó thaobh cúrsaí oibriochtúla de agus i gcás ina mbainfidh na costais le ceann de na nithe seo a leanas:

- (a) acmhainneacht trádstórais ar chíos gearrthéarmach chun an cúnamh ó na Ballstáit a stóráil ar bhonn sealadach d'fhonn an t-iompar comhordaithe a éascú;
- (b) iompar ón mBallstát a bhfuil an cúnamh á thairiscint aige don Bhallstát a dhéanann an t-iompar comhordaithe a éascú;

- (c) cúnamh na mBallstát a athphacáistiú chun tairbhe is mó is féidir a bhaint as na hacmhainneachtaí iompair atá ar fáil nó chun riachtanais shonracha oibríochtúla a chomhlíonadh; nó
- (d) iompar áitiúil, idirthuras agus trádstórais den chúnamh comhthiomsaithe d'fhonn soláthar comhordaithe ag an gceann scríbe sa tír iarrthach a áirithiú.

4a. I gcás ina mbainfear feidhm as acmhainneachtaí rescEU chun críocha náisiúnta i gcomhréir le hAirteagal 12(5), is é an Ballstát a bhfuil na hacmhainneachtaí á n-úsáid aige a chumhdóidh na costais uile, lena n-áirítear costais chothabhála agus deisiúcháin.

4b. I gcás acmhainneachtaí rescEU a imscaradh faoi Shásra an Aontais, cumhdófar 75 % de na costais oibríochtúla le cúnamh airgeadais ón Aontas.

De mhaolú ar an gcéad fhomhír, cumhdófar, le cúnamh airgeadais ón Aontas, 100 % de chostais oibríochtúla acmhainneachtaí rescEU atá riachtanach do thubaistí lena ngabhann dóchúlacht íseal ach tionchar mór i gcás ina n-imscarfar na hacmhainneachtaí sin faoi Shásra an Aontais.

4c. I gcás acmhainneachtaí a imscaradh lasmuigh den Aontas, mar a thagraítear dó in Airteagal 12(10), cumhdófar 100 % de na costais oibríochtúla, le cúnamh airgeadais ón Aontas.

4d. I gcás nach gcumhdófar 100 % de na costais leis an gcúnamh airgeadais ón Aontas dá dtagraítear san Airteagal seo, is ar an té a d'iarr an cúnamh a sheasfaidh an méid de na costais a bheidh fágtha, mura gcomhaontófar a mhalairt leis an mBallstát a bhfuil cúnamh á thairiscint aige nó an Ballstát a bhfuil acmhainneachtaí rescEU á n-óstáil aige.

4e. I dtaca le himscaradh acmhainneachtaí rescEU, féadfaidh sé go gcumhdófar le maoiniú ón Aontas 100 % de na costais dhíreacha uile is gá chun críche iompar lastais, modhanna agus seirbhísí lóistíochta, laistigh den Aontas, agus isteach san Aontas ó thríú tíortha.

5. I gcás comhthiomsú oibríochtaí iompair a bhfuil roinnt Ballstát páirteach ann, féadfaidh Ballstát ceannaireacht a thabhairt maidir le tacaíocht airgeadais ón Aontas a iarraidh don oibríocht iomlán.

6. Nuair a iarrfaidh Ballstát ar an gCoimisiún conradh a dhéanamh maidir le seirbhísí iompair, iarrfaidh an Coimisiún aisíocaíocht na gcostas i bpáirt de réir na rátaí cistithe a leagtar amach i mír 2, mír 3 agus mír 4.

6a. Gan dochar do mhíreanna 2 agus 3, maidir le tacaíocht airgeadais ón Aontas le haghaidh iompar an chúnaimh, mar a thagraítear dó i mír 1a, a theastaíonn i dtubaistí comhshaoil ina bhfuil feidhm ag "an prionsabal gurb é údar an truaillithe a íocfaidh as", féadfaidh sé go gcumhdófar uasmhéid 100 % de na costais incháilithe iomlána leis an tacaíocht airgeadais sin. Beidh feidhm ag na coinníollacha seo a leanas:

(a) is é an Ballstát atá buailte a iarrann cúnamh, bunaithe ar mheasúnú riachtanas a bhfuil bonn cirt cuí leo;

(b) tógann an Ballstát atá buailte na céimeanna uile is gá chun cúiteamh a éileamh agus a fháil ó údar an truaillithe, i gcomhréir leis na forálacha dlíthiúla uile idirnáisiúnta, le forálacha dlíthiúla an Aontais agus leis na forálacha dlíthiúla náisiúnta is infheidhme;

(c) tar éis dó cúiteamh a fháil ón truaillitheoir, aisíocfaidh an Ballstát atá buailte an tAontas láithreach.

7. Beidh na costais seo a leanas incháilithe le haghaidh tacaíocht airgeadais ón Aontas le haghaidh acmhainní iompair agus lóistíochta faoin Airteagal seo: gach costas a bhaineann le

gluaiseacht acmhainní iompair agus lóistíochta, lena n-áirítear costais gach seirbhíse, táillí, costais lóistíochta agus láimhseála, costais bhreosla agus costais chóiríochta a d'fhéadfadh a bheith ann, chomh maith le costais indíreacha eile amhail cánacha, dleachtanna i gcoitinne agus costais iompair.

8. Féadfaidh costais aonaid, cnapshuimeanna nó cothromrátaí de réir na catagóire costais a bheith sna costais iompair.”

(18) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 25:

‘Airteagal 25

Cineálacha idirghabhála airgeadais agus nósanna imeachta cur chun feidhme

1. Cuirfidh an Coimisiún an tacaíocht airgeadais ón Aontas chun feidhme i gcomhréir leis an Rialachán Airgeadais.
2. Is tríd an mbainistíocht dhíreach a chuirfidh an Coimisiún an tacaíocht airgeadais ón Aontas chun feidhme i gcomhréir leis an Rialachán Airgeadais nó tríd an mbainistíocht indíreach le comhlachtaí dá dtagraítear in Airteagal 62(1)(c) den Rialachán Airgeadais.
3. Féadfaidh tacaíocht airgeadais faoin gCinneadh seo a bheith in aon fhoirm díobh siúd a leagtar síos sa Rialachán Airgeadais, go háirithe i bhfoirm deontas, soláthair nó ranníocaíochtaí le cistí iontaobhais.
4. Chun an Cinneadh seo a chur chun feidhme, glacfaidh an Coimisiún cláir oibre bhliantúla nó ilbhliantúla, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 33(2). Leagfar amach sna cláir oibre bhliantúla nó ilbhliantúla na cuspóirí arna saothrú, na torthaí a bhfuil súil leo, an modh cur chun feidhme agus an tsuim iomlán. Cuimseofar iontu freisin tuairisc ar na gníomhaíochtaí a bheidh le maoiniú, léiriú ar an méid a leithdháilfear ar gach gníomhaíocht agus tráthchlár cur chun feidhme tascach. I dtaca leis an tacaíocht airgeadais dá dtagraítear in Airteagal 28(2), tabharfar tuairisc sna cláir oibre bhliantúla nó ilbhliantúla ar na gníomhaíochtaí atá beartaithe do na tíortha dá dtagraítear iontu.

Mar sin féin, ní bheidh gá le cláir oibre bhliantúla nó ilbhliantúla ar bith le haghaidh gníomhaíochtaí a thagann faoin bhfreagairt do thubaistí a leagtar síos i gCaibidil IV, nach féidir foráil a dhéanamh ina leith roimh ré.
5. Sa bhreis ar Airteagal 12(4) den Rialachán Airgeadais, tabharfar anonn go huathoibríoch na leithreasuithe faoi chomhair gealltanais agus na leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí nár úsáideadh faoi dheireadh na bliana airgeadais inar cuireadh sa bhuiséad bliantúil iad agus féadfar iad a ghealladh agus a íoc go dtí an 31 Nollaig den bhliain dár gcionn. Ní úsáidfear na leithreasuithe a tugadh anonn ach amháin le haghaidh gníomhaíochtaí freagartha. Is iad na leithreasuithe a tugadh anonn is túisce a úsáidfear sa bhliain airgeadais ina dhiaidh sin.”

(19) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 27:

‘Airteagal 27

Leasanna airgeadais an Aontais a chosaint

I gcás ina mbeidh tríú tír rannpháirteach i Sásra an Aontais de thoradh cinneadh faoi chomhaontú idirnáisiúnta nó de bhua aon ionstraime dlí eile, tabharfaidh an tríú tír na cearta agus an rochtain is gá don oifigeach údarúcháin atá freagrach, do OLAF agus do Chúirt Iniúcháirí na hEorpa chun go bhféadfaidh siad a gcuid inniúlachtaí féin a fheidhmiú ar bhonn cuimsitheach. I gcás OLAF, áireofar ar na cearta sin an ceart chun imscrúduithe a dhéanamh, lena n-áirítear seiceálacha agus cigireachtaí ar an láthair, mar a fhoráiltear dó i Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013.”

(20) Leasaítear Airteagal 30 mar a leanas:

(a) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

“2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 6(5) agus sa dara fomhír d'Airteagal 21(3) a thabhairt don Choimisiún go dtí an 31 Nollaig 2027.”

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

“4. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 6(5) agus sa dara fomhír d'Airteagal 21(3) a chúlghairm aon tráth. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligean na cumhachta a shonraítear sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an Chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghnímh tarmligthe atá i bhfeidhm cheana.”

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 7:

“7. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghactar de bhun Airteagal 6(5) nó de bhun an dara fomhír d'Airteagal 21(3) i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó, más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú dhá mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.”

(21) in Airteagal 32(1), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (i):

“(i) eagrú na tacaíochta le haghaidh iompar an chúnaimh, mar a fhoráiltear dó le hAirteagail 18 agus 23”;

(22) In Airteagal 33, cuirtear an mhír seo a leanas leis:

“3. Ar mhórfhorais phráinne a bhfuil údar cuí leo, déanfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme atá infheidhme láithreach a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 8 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011”;

(23) Scriostar Iarscríbhinn I.

(24) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad theideal Iarscríbhinn Ia:

“Catagóirí na gcostas incháilithe i gcomhréir le hAirteagal 21(3).”

Airteagal 2

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Mar sin féin, beidh feidhm ag pointí (a) agus (c) d'Airteagal 1 (12) ón 1 Eanáir 2021 i leith.

Airteagal 3

Seolaithe

Is chuig na Ballstáit a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa
An tUachtarán*

*Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán*

RÁITEAS AIRGEADAIS REACHTACH

1.	LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH.....	27
1.1.	Teideal an togra/tionscnaimh	27
1.2.	Réimsí beartais lena mbaineann (Cnuasach clár).....	27
1.3.	Baineann an togra/tionscnamh le:	27
1.4.	Forais an togra/tionscnaimh	27
1.4.1.	Na ceanglais is gá a chomhlíonadh sa ghearrthéarma nó san fhadtéarma, lena n-áirítear amlíne mhionsonraithe maidir le cur chun feidhme céimneach an tionscnaimh.	27
1.4.2.	Breislúach a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais Eorpaigh.....	28
1.4.3.	Ceachtanna a foghlaimíodh ó thaithí eile den sórt sin san am a chuaigh thart	29
1.4.4.	Comhoiriúnacht d'ionstraimí iomchuí eile agus sineirgíocht a d'fhéadfadh a bheith ann	30
1.5.	Fad agus tionchar airgeadais	32
1.6.	Modh(anna) bainistíochta atá beartaithe	32
2.	BEARTA BAINISTÍOCHTA.....	34
2.1.	Rialacha faireacháin agus tuairiscithe.....	34
2.2.	Córas bainistíochta agus rialaithe	34
2.2.1.	An bonn cirt atá leis na modhanna bainistíochta, le sásraí cur chun feidhme an mhaoinithe, leis na coinníollacha íocaíochta agus leis an straitéis rialaithe atá beartaithe	34
2.2.2.	Faisnéis faoi na rioscaí a aithníodh agus na córais rialaithe inmheánacha a cuireadh ar bun chun na rioscaí a mhaolú.....	34
2.2.3.	Meastachán ar chost-éifeachtúlacht na rialuithe agus an bonn cirt atá leis sin (cóimheas “costais rialaithe ÷ luach na gcistí gaolmhara arna mbainistiú”) agus measúnú ar an leibhéal riosca earráide a mheastar a bheidh ann (tráth an íocaíochta a dhéanamh agus tráth an clár a dhúnadh)	35
2.3.	Bearta chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc.....	35
3.	AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA/TIONSCNAMH	36
3.1.	Ceannteidil an chreata airgeadais ilbhliantúil agus na línte buiséid ar a n-imreofar tionchar.....	36
3.2.	An tionchar a mheastar a bheidh ag an togra/tionscnamh ar chaiteachas	37
3.2.1.	Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh ag an togra/tionscnamh ar chaiteachas.....	37
3.2.2.	Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh ag an togra/tionscnamh ar leithreasuithe de chineál riaracháin	40
3.2.2.1.	Na hacmhainní daonna a mheastar a bheidh riachtanach.....	42
3.3.	An tionchar a mheastar a bheidh ar ioncam	43

RÁITEAS AIRGEADAIS REACHTACH

1. LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH

1.1. Teideal an togra/tionscnaimh

Togra le haghaidh Cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Cinneadh Uimh. 1313/2013/AE maidir le Sásra an Aontais um Chosaint Shibhialta.

1.2. Réimsí beartais lena mbaineann (*Cnuasach clár*)

14 Freagairt ar ghéarchéimeanna

Baineann an togra seo le réimse na cosanta sibhialta agus tá sé beartaithe Sásra an Aontais um Chosaint Shibhialta (Sásra an Aontais) a neartú.

Faoi togra maidir le creat airgeadais ilbhliantúil nua, cuimsítear maoiniú a bhaineann le cosaint shibhialta faoi cheannteideal amháin: Ceannteideal 5 “[Athléimneacht](#), Slándáil agus Cosaint”. Is é “[Athléimneacht agus Freagairt ar Ghéarchéimeanna](#)”, Teideal 14, Caibidil 02 an cnuasach sonrach. Cuimseoidh an cnuasach sin gnéithe inmheánacha agus seachtracha na cosanta sibhialta.

1.3. Baineann an togra/tionscnaimh le:

☐ beart nua

☐ beart nua a leanann treoirthionscadal/réamhbheart¹⁶

x síneadh ar bheart atá ann cheana

☐ beart nó bearta a chumasc nó a atreorú i dtreo beart eile/beart nua

1.4. Forais an togra/tionscnaimh

1.4.1. *Na ceanglais is gá a chomhlíonadh sa ghearrthéarma nó san fhadtéarma, lena n-áirítear amlíne mhionsonraithe maidir le cur chun feidhme céimneach an tionscnaimh.*

Tá sé beartaithe leis an togra roinnt athruithe spriocdhírithe a dhéanamh ar Chinneadh 1313/2013/AE ón gComhairle (‘an Cinneadh’) maidir le Sásra an Aontais Eorpaigh um Chosaint Shibhialta (‘Sásra an Aontais’), faoina dtacóidh an tAontas Eorpach le gníomhaíochtaí na mBallstát i réimse na cosanta sibhialta, faoina gcomhordóidh sé iad agus faoina bhforlíonfaidh sé iad chun tubaistí nádúrtha agus tubaistí de dhéantús an duine a chosc, chun ullmhú agus chun freagairt dóibh laistigh den Aontas agus lasmuigh de. Ag cur le prionsabail na dlúthpháirtíochta agus na freagrachta comhroinnte, is é cuspóir foriomlán an togra seo a áirithiú gur féidir leis an Aontas tacaíocht géarchéime agus éigeandála níos fearr a chur ar fáil dá shaoránaigh san Eoraip agus níos faide i gcéin.

Leasaítear leis an gCinneadh gníomhaíocht atá ann cheana (Sásra an Aontais) agus measfar é i gcomhthráth leis an togra atá ar feitheamh lena leasaítear freisin Sásra an Aontais, a ghlac an Coimisiún in 2019¹⁷.

¹⁶ Mar a thagraítear dó in Airteagal 58(2)(a) nó (b) den Rialachán Airgeadais.

¹⁷ COM(2019) 125 final ó 7.03.2019

Léiríodh le paindéim COVID-19 an gá atá le hullmhacht níos fearr ón Aontas Eorpach i gcomhair éigeandálaí mórsála amach anseo, agus na teorainneacha atá leis an gcreat atá ann faoi láthair á léiriú ag an am céanna. I bhfianaise an mhéid sin, meastar gur gá modhnuithe breise a mholadh ar an gcreat dlíthiúil atá ann cheana chun Sásra an Aontais a neartú.

Tagraíonn an tionscnamh seo don imchlúdach airgeadais atá ar fáil do Shásra an Aontais faoi chreat airgeadais ilbhliantúil 2021-2027.

1.4.2. *Breisluch a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais Eorpaigh.*

Cúiseanna le beart a dhéanamh ar leibhéal an Aontais (ex ante)

Léiríodh gur uirlis úsáideach é Sásra an Aontais chun an cúnamh a chuireann na Stáit Rannpháirteacha ar fáil chun freagairt do ghéarchéimeanna a shlógadh agus a chomhordú laistigh den Aontas agus lasmuigh de, rud atá ina chruthúnas inbhraite ar an dlúthpháirtíocht Eorpach. Mar sin féin, léiríodh mar gheall ar ráig COVID-19 agus na ceachtanna oibríochtúla a foghlaimíodh ó ghéarchéimeanna eile gur gá Sásra an Aontais um Chosaint Shibhialta a threisiú a thuilleadh. I dtéarmaí nithiúla, is é is aidhm do na hathruithe atá sa togra seo na cuspóirí seo a leanas a bhaint amach:

- a) Cur chuige ullmhachta trasearnála agus sochaíoch maidir le bainistiú rioscaí tubaistí trasteorann a threisiú, lena n-áirítear bonnlíne agus gnéithe pleanála a bhunú ar an leibhéal Eorpach.
- b) a áirithiú go bhfuil an Coimisiún in ann líontán sábhála leormhaith d'acmhainneachtaí rescEU a fháil go díreach;
- c) an cumas lóistíochtúil a sholáthar don Choimisiún chun aersheirbhísí ilchuspóireacha a sholáthar i gcás éigeandálaí agus chun iompar agus seachadadh tráthúil cúnamh a áirithiú;
- d) córas níos solúbtha a dhearadh chun freagairt d'éigeandálaí ar mhórsála;
- e) feabhas a chur ar ról oibríochta agus faireacháin an Lárionaid Comhordúcháin Práinnfhreagartha chun tacú le freagairt ghasa agus éifeachtach an Aontais ar réimse leathan géarchéimeanna laistigh den Aontas agus lasmuigh de;
- f) tuilleadh infheistíocht in ullmhacht ar leibhéal an Aontais a chumasú agus cur chun feidhme an bhuiséid a shimpliú tuilleadh;
- g) maoiniú oibríochtaí maidir le bearta éifeachtúla agus inscálaithe i ndáil le téarnamh inbhuanaithe agus athléimneacht a chumasú faoi chuimsiú Shásra an Aontais um Chosaint Shibhialta le hioncam sannta seachtrach trí mhaoiniú arna chur ar fáil faoin dréacht-Rialachán lena mbunaítear Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh chun tacú le téarnamh i ndiaidh phaindéim COVID-19 (COM(2020)441 final).

Ní féidir leis na Ballstáit cuspóirí an togra a bhaint amach go leordhóthanach ar bhonn aonraic. Is é atá i gceist le gníomhaíocht an Aontais sa réimse seo cásanna a bhainistiú ina bhfuil comhpháirteanna láidre trasteorann agus ilnáisiúnta, inar gá comhordú foriomlán agus gníomhaíocht chomhbheartaithe lasmuigh den leibhéal náisiúnta a dhéanamh ina leith.

Mar a léirítear le ráig COVID-19, i gcás éigeandálaí tromchúiseacha ina bhfuil inní ar an Aontas Eorpach ina iomláine de bharr scála agus raon feidhme na héigeandála, tá gá le freagairt chomhchoiteann, chomhordaithe agus phráinneach chun cur chuige ilroinnte a sheachaint a chuirfeadh teorainn le héifeachtacht fhreagairt an Aontais. De

bharr na n-éileamh práinneach atá ann acmhainní a shlógadh ar scála leordhóthanach agus iad a imscaradh ar fud na mBallstát ar bhonn a riachtanas, is gá don Aontas gníomhú i gcomhar leis na Ballstáit. Go deimhin, teastaíonn gníomhaíocht chomhordaithe ón ngné dhomhanda agus ó éifeachtaí na n-éigeandálaí sin, lena n-áirithítear go ndéanfar tubaistí a mhaolú go tapa agus go héifeachtach, in éineacht le cosc a chur ar a n-athbhriseadh.

Agus na buntáistí á gcur san áireamh ó thaobh laghdú a dhéanamh ar bhás daoine, ar dhamáiste don chomhshaol, don gheilleagar agus do mhaoín, tugtar breisluach soiléir AE leis an togra.

1.4.3. *Ceachtanna a foghlaimíodh ó thaithí eile den sórt sin san am a chuaigh thart*

Chonacthas torthaí dearfacha de bhun Shásra an Aontais ó thaobh feidhmíochta de i ngach ceann de na trí cholún (cosc/ullmhacht/freagairt) go dtí seo. Tá tuairim dhearfach ina leith ag na Stáit Rannpháirteacha agus ag na príomhpháirtithe leasmhara i gcoitinne. Ba é sin conclúid fhoriomlán na meastóireachta eatramhaí a rinne comhairleoir seachtrach ar Shásra an Aontais (2014-2016) agus a foilsíodh i mí Lúnasa 2017.

Foghlaimíodh ceacht eile ón meastóireacht eatramhach, agus ón tuarascáil ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa¹⁸, go raibh gá le feabhas a chur ar an gcreat faireacháin torthaí atá i Sásra an Aontais. Áirítear leis sin an cumas tomhas níos fearr a dhéanamh i bhfoirm táscairí cainníochtúla agus bunlínte féideartha chun cúnamh a thabhairt díriú isteach níos mó ar an tionchar le himeacht ama. Thug an Coimisiún táscairí aschuir intomhaiste isteach le haghaidh na ngníomhaíochtaí go léir. Is é sin an chéad chéim i bpróiseas níos fadtéarmaí chun a áirithiú go mbeidh cúnamh airgeadais a chuirfear ar fáil faoin Sásra faoi réir ag cur chuige níos spriocdhírthe.

Is foinse ábhartha eile é forléargas an Aontais ar rioscaí, a bhfuil togra an Choimisiún bunaithe uirthi, chun feidhmiú reatha Shásra an Aontais a fheabhsú¹⁹. Úsáideadh measúnuithe riosca náisiúnta arna gcur isteach ag na Ballstáit chun an forléargas sin a fháil, rud atá bunaithe ar an reachtaíocht atá ann cheana.

Déanann an Coimisiún dul chun cinn bunaithe ar an taithí sin atá faighte freisin:

- i gcásanna éigeandála a láimhseálann Sásra an Aontais ó bunaíodh é in 2001, agus go háirithe maidir leis na ceachtanna a sainaithníodh le linn ráig CO-19;
- mar thoradh ar na tionscadail a maoiníodh faoi chreat na nglanna a seoladh ó 2013 maidir le hullmhacht agus cosc; agus
- mar thoradh ar an treoirhionscadal arna mhaoiniú faoi chuimsiú chreat an ghlaio a seoladh in 2008 chun an comhar idir na Ballstáit a neartú maidir le dóiteáin foraoise a chomhrac.

¹⁸ Cúirt Iniúchóirí na hEorpa, "Sásra an Aontais Eorpaigh um Chosaint Shibhialta: bhí éifeacht den chuid is mó le comhordú na bhfreagairtí ar thubaistí lasmuigh den Aontas Eorpach", Tuarascáil Speisialta uimh. 33, 2016.

¹⁹ Doiciméad Inmheánach Oibre, "Overview of Natural and Man-made Disaster Risks the European Union may face" [Forléargas ar rioscaí tubaistí nádúrtha agus rioscaí tubaistí de dhéantús an duine a d'fhéadfadh a bheith i ndán don Aontas Eorpach], SWD (2017) 176 final, 23.5.2017.

1.4.4. *Comhoiriúnacht d'ionstraimí iomchuí eile agus sineirgíocht a d'fhéadfadh a bheith ann*

Tá na gníomhaíochtaí atá beartaithe faoi Shásra an Aontais athbhreithnithe, ailínithe le cuspóir foriomlán an Aontais chun a áirithiú go rannchuideoidh beartais agus ionstraimí ábhartha uile an Aontais le hacmhainneacht an Aontais a threisiú maidir le bainistiú riosca tubaiste , ón bhfreagairt agus ón téarnamh go cosc tubaistí.

Go háirithe, táthar ag díriú go háirithe ar dhlúthchomhordú agus comhsheasmhacht a áirithiú le gníomhaíochtaí a dhéantar faoi bheartais agus ionstraimí eile de chuid an Aontais lena ndírítear go háirithe ar bheatha daoine a chaomhnú, fulaingt an duine a chosc agus a mhaolú agus dínit an duine a chosaint.

Tá an comhordú le clár nua ‘EU4Health’ an Aontais tábhachtach go háirithe. I gcás ina ndíreoidh Sásra an Aontais ar na hacmhainneachtaí freagartha díri do ghéarchéimeanna nach mór bheith réidh láithreach agus ar fáil i gcás éigeandála, áireofar sa chlár “EU4Health” cúlchistí struchtúracha ar mhórsála, lena n-áirítear cúltaca foirne agus saineolaithe leighis atá réidh, agus athléimneacht bhunúsach na gcóras cúraim sláinte. Beidh na hacmhainní sin rithábhachtach le haghaidh freagairt chomhordaithe ar ghéarchéimeanna ar leibhéal an Aontais.

Comhsheasmhacht le:

- Rialachán (CE) Uimh. 1257/96 ón gComhairle an 20 Meitheamh 1996 maidir le cabhair dhaonnúil;
- Rialachán (CE) Uimh. 1406/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Meitheamh 2002 lena mbunaítear Gníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Mhuirí;
- Rialachán (CE) Uimh. 2012/2002 ón gComhairle an 11 Samhain 2002 lena mbunaítear Ciste Dlúthpháirtíochta an Aontais Eorpaigh;
- Rialachán (CE) Uimh. 1717/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Samhain 2006 lena mbunaítear Ionstraim le haghaidh Cobhsaíochta;
- Cinneadh Uimh. 1313/2013/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 maidir le Sásra an Aontais Eorpaigh um Chosaint Shíbhialta;
- Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena leagtar síos forálacha coiteanna maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, le Ciste Sóisialta na hEorpa, leis an gCiste Comhtháthaithe, leis an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe agus leis an gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh agus lena leagtar síos forálacha ginearálta maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, le Ciste Sóisialta na hEorpa, leis an gCiste Comhtháthaithe agus leis an gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1083/2006 ón gComhairle (IO L 347, 20.12.2013, lch. 320).
- Rialachán (AE) Uimh. 375/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 3 Aibreán 2014 lena mbunaítear an Cór Saorálach Eorpach um Chabhair Dhaonnúil (“an Tionscnamh maidir le Saorálaithe Cabhrach AE”);
- Rialachán (AE) 2016/369 ón gComhairle an 15 Márta 2016 maidir le tacaíocht éigeandála a chur ar fáil laistigh den Aontas.

- Rialachán (AE) 2020/521 ón gComhairle an lena ngníomhachtaítear an tacaíocht éigeandála faoi Rialachán (AE) 2016/369, agus lena leasaítear na forálacha lena mbaineann agus ráig COVID- 19 á cur san áireamh.
- Rialachán (AE) XXX/XX ón gComhairle lena mbunaítear Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh chun tacú leis an téarnamh i ndiaidh phaindéim COVID-19

1.5. Fad agus tionchar airgeadais

X tréimhse theoranta

- X i bhfeidhm ón 1/01/2021 go dtí an 31/12/2027
- X Tionchar airgeadais ó 2021 go 2027 maidir le leithreasuithe faoi chomhair gealltanais agus ó 2021 go 2032 maidir le leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí.

☐ tréimhse neamhtheoranta

- Cuirfear chun feidhme é le linn na tréimhse tosaigh BBBB go BBBB,
- agus cuirfear ag feidhmiú go hiomlán ina dhiaidh sin é.

1.6. Modh(anna) bainistíochta atá beartaithe²⁰

X Bainistíocht dhíreach a dhéanann an Coimisiún

- X ina ranna, lena n-áirítear an chuid sin den fhoireann atá i dtoscaireachtaí an Aontais;
- ☐ trí na gníomhaireachtaí feidhmiúcháin;

☐ Bainistíocht atá comhroinnte leis na Ballstáit

X **Bainistíocht indíreach** trí chúraimí a bhaineann le cur chun feidhme an bhuiséid a shannadh dóibh seo a leanas:

- ☐ tríú tíortha nó na comhlachtaí a d'ainmnigh siad;
- X eagraíochtaí idirnáisiúnta agus a ngníomhaireachtaí (tabhair sonraí);
- X BEI agus an Ciste Eorpach Infheistíochta;
- ☐ comhlachtaí dá dtagraítear in Airteagal 70 agus Airteagal 71 den Rialachán Airgeadais;
- X comhlachtaí dlí phoiblí;
- X comhlachtaí arna rialú ag an dlí príobháideach agus a bhfuil misean seirbhíse poiblí acu sa mhéid go gcuireann siad ráthaíochtaí leordhóthanacha airgeadais ar fáil;
- ☐ comhlachtaí arna rialú ag dlí príobháideach Ballstáit, a gcuirtear de chúram orthu comhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí a chur chun feidhme, agus a sholáthraíonn ráthaíochtaí leordhóthanacha airgeadais;
- ☐ daoine a gcuirtear de chúram orthu bearta sonracha a chur chun feidhme in CBES de bhun Theideal V de CAE, ar daoine iad a aithnítear sa bhunghníomh ábhartha.

NÓTAÍ:

Má thugtar isteach an deis feidhm a bhaint as modh bainistíochta indíre, chun buiséad Shásra an Aontais a fhorfheidhmiú, chomh maith le modh bainistíochta díre a úsáideadh go dtí seo, cuirfear ar fáil ionstraim bhreise chun an buiséad a chur chun feidhme ar an mbonn is fearr is féidir. Cuirfidh éagsúlacht na

²⁰

Is féidir mionsonraí ar na modhanna bainistíochta agus tagairtí don Rialachán Airgeadais a fheiceáil ar shuíomh gréasáin Ard-Stiúrtóireacht an Bhuiséid:

<https://myintracomm.ec.europa.eu/budgweb/EN/man/budgmanag/Pages/budgmanag.aspx>

gcomhlachtaí, de réir an liosta, leis an éifeachtúlacht fhoriomlán maidir le cistí an Aontais a ionsú i bhfianaise an bhuiséid mhéadaithe. I bhfianaise an bheartais cosanta sibhialta a bhíonn ag plé go minic le teagmhais dhothuartha (tubaistí de dhéantús an duine agus tubaistí nádúrtha de chineál difriúil), tá sé riachtanach a ráthú go mbeidh creat CAI cuimsitheach agus solúbtha ann (ó thaobh na ngníomhaithe lena mbaineann de).

2. BEARTA BAINISTÍOCHTA

2.1. Rialacha faireacháin agus tuairiscithe

Sonraigh minicíocht na mbearta agus na coinníollacha atá leo

Déanfar faireachán rialta ar ghníomhaíochtaí agus ar bhearta a fhaigheann cúnamh airgeadais de bhun na gCinntí sin.

Tá ar an gCoimisiún meastóireacht a dhéanamh ar Shásra an Aontais i gcomhréir le hAirteagal 34 de Chinneadh Uimh. 1313/2013/AE.

2.2. Córas bainistíochta agus rialaithe

2.2.1. *An bonn cirt atá leis na modhanna bainistíochta, le sásraí cur chun feidhme an mhaoineithe, leis na coinníollacha íocaíochta agus leis an straitéis rialaithe atá beartaithe*

Caitear cúnamh airgeadais le haghaidh cosc agus ullmhacht faoi Shásra an Aontais i gcomhréir le clár oibre bliantúil arna ghlacadh ag an gCoiste um Chosaint Shibhialta. Cuireann an Coimisiún an Coiste ar an eolas go rialta faoi chur chun feidhme an chláir oibre.

Cuirfear chun feidhme é trí dheontais agus trí chonarthaí lena ngabhann rialacha mionsonraithe íocaíochta bunaithe ar an taithí a fuarthas roimhe seo.

Mar thoradh ar na ceachtanna a foghlaimíodh ó chur chun feidhme Shásra an Aontais roimhe seo agus chun cur chun feidhme éifeachtach chuspóirí Shásra an Aontais a áirithiú, tá sé beartaithe ag an gCoimisiún na gníomhaíochtaí a chur chun feidhme faoi bhainistíocht dhíreach agus indíreach trí aird iomlán a thabhairt ar phrionsabail na barainneachta, na héifeachtúlachta agus an luacha is fearr ar airgead.

2.2.2. *Faisnéis faoi na rioscaí a aithníodh agus na córais rialaithe inmheánacha a cuireadh ar bun chun na rioscaí a mhaolú*

Tá feidhm ag córas rialaithe inmheánaigh an Choimisiúin Eorpaigh maidir lena áirithiú go n-úsáidfear na cistí atá ar fáil faoi Shásra an Aontais go cuí agus i gcomhréir leis an reachtaíocht iomchuí.

Seo mar atá an córas atá i bhfeidhm faoi láthair:

1. An fhoireann rialaithe inmheánaigh atá laistigh den phríomhsheirbhís (an Ard-Stiúrtóireacht um Chabhair Dhaonnúil agus Cosaint Shibhialta /AS ECHO) díríonn sí ar chomhlíonadh na nósanna imeachta riaracháin agus na reachtaíochta atá i bhfeidhm i réimse na cosanta sibhialta. Úsáidtear Creat Rialaithe Inmheánaigh an Choimisiúin chun na críche sin.

2. Iniúchtaí rialta a dhéanann iniúcháirí seachtracha ar dheontais agus ar chonarthaí, a dheonaítear faoin mbuiséad um chosaint shibhialta, ionchorpraítear iad ina n-iomláine i bplean iniúcháireachta bliantúil AS ECHO.

3. Meastóireacht meastóirí seachtracha ar ghníomhaíochtaí foriomlána.

Féadfaidh an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise OLAF agus an Chúirt Iniúcháirí na gníomhaíochtaí arna bhfeidhmiú a iniúchadh.

Maidir le maoirseacht agus faireachán, bainfear leas as an taithí fairsing a gheofar tríd an ionstraim um chabhair dhaonnúil a chur chun feidhme, leis na hathruithe is gá, chun Sásra an Aontais a chur chun feidhme faoi bhainistíocht indíreach.

2.2.3. *Meastachán ar chost-éifeachtúlacht na rialuithe agus an bonn cirt atá leis sin (cóimheas “costais rialaithe ÷ luach na gcistí gaolmhara arna mbainistiú”) agus measúnú ar an leibhéal riosca earráide a mheastar a bheidh ann (tráth an íocaíocht a dhéanamh agus tráth an clár a dhúnadh)*

Is é atá sa chostas a mheastar a bheidh ar straitéis rialaithe AS ECHO 0.3 % de bhainistíocht indíreach bhuiséad 2019 agus 0.4 % de bhainistíocht dhíreach bhuiséad 2019. Is iad príomhchodanna an táscaire seo:

- costais iomlána foirne saineolaithe AS ECHO i mbun oibre allamuigh, mar aon le costais iomlána fhoirne na n-aonad airgeadais agus oibríochtúil arna n-iolrú faoin gcion ama measta a chuirtear i leataobh le haghaidh gníomhaíochtaí dearbhaithe, rialaithe agus faireacháin cáilíochta;

- líon iomlán na n-acmhainní in earnáil iniúchóireachta seachtraí AS ECHO atá curtha i leataobh le haghaidh iniúchtaí agus fíoruithe.

Nuair a chuirtear san áireamh costas íseal rialuithe den sórt sin mar aon leis na sochair inchainníochtaithe (ceartuithe agus aisghabhálacha) agus sochair neamh-inchainníochtaithe (éifeacht dhíspreagthach agus éifeacht dearbhaithe cáilíochta rialuithe) a bhaineann leis na sochair sin, tá an Coimisiún in ann a chinneadh gur mó iad sochair inchainníochtaithe agus neamh-inchainníochtaithe na rialuithe ná costas teoranta na rialuithe sin.

Maidir leis na heintitis ar cuireadh an cúram orthu maidir le maoiniú ón Aontas Eorpach a chur chun feidhme faoi mhodh bainistithe indíreach, íocann an Coimisiún suas le 7 % dá gcostais incháilithe dhíreacha chun maoirseacht agus bainistiú mhaoiniú an Aontais a áirithiú.

Is dearbhú ar an méid sin an ráta earráide iarmharach ilbhliantúil 0.87 % a thuairiscigh an Coimisiún in 2019 dá roinn cosanta sibhialta agus cabhrach daonnúla.

2.3. **Bearta chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc**

Sonraigh na bearta coisctheacha agus cosanta atá ann cheana nó atá beartaithe, e.g. ón Straitéis Frithchalaoise.

Úsáidtear straitéis frithchalaoise AS ECHO, i gcomhréir le straitéis frithchalaoise an Choimisiúin, chun an méid a leanas a áirithiú:

- go bhfuil rialuithe inmheánacha AS ECHO a bhaineann le frithchalaois ailínithe ina n-iomláine le straitéis frithchalaoise an Choimisiúin; AFS;

- go bhfuil cur chuige AS ECHO maidir le bainistiú riosca calaoise dírithe ar réimsí riosca calaoise agus ar fhreagairtí imleora a shainaithint.

De dhroim na gcóras a úsáidtear chun cistí ón Aontas a chaitheamh i dtríú tíortha is féidir sonraí ábhartha a aisghabháil chun iad a chur isteach sa bhainistiú riosca calaoise (e.g. chun maoiniú dubailte a bhrath).

Más gá, bunófar grúpaí líonraithe agus uirlisí TF leormhaithe a cheapfar chun anailís a dhéanamh ar chásanna calaoise a bhaineann leis an earnáil.

3. AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA/TIONSCNAMH

3.1. Ceannteidil an chreata airgeadais ilbhliantúil agus na línte buiséid ar a n-imreofar tionchar

Ceannteidil an chreata airgeadais ilbhliantúil	Líne buiséid	Type of caiteachais	Ranníocaíocht			
	Uimhir 14: Freagairt ar ghéarchéimeanna Ceannteideal 5: Slándáil agus Cosaint	LD/LN ²¹ .	ó thíortha de chuid CSTE ²²	ó thíortha is iarrthóirí ²³	ó thríú tíortha ²⁴	de réir bhrí Airteagal [21(2)(b)] den Rialachán Airgeadais
5	14 01 01 Sásraí an Aontais um Chosaint Shibhialta – Caiteachas tacaíochta	Neamhdhif..	TÁ	TÁ	TÁ	NÍL
5	14 02 01 – Sásra an Aontais um Chosaint Shibhialta: Cosc, ullmhacht agus freagairt	LD	TÁ	TÁ	TÁ	NÍL

²¹ LD = Leithreasuithe difreáilte / LN = Leithreasuithe neamhdhifreáilte.

²² CSTE: Comhlachas Saorthrádála na hEorpa. Féadfaidh tíortha CSTE ar cuid de LEE iad dul i bpáirt le Sásra an Aontais um Chosaint Shibhialta mar “Stáit Rannpháirteacha” mar a fhoráiltear in Airteagal 28(1)a de Chinneadh 1313/2013/AE.

²³ Tíortha is iarrthóirí agus, nuair is iomchuí, tíortha ó na Balcáin Thiar a d'fhéadfadh a bheith ina n-iarrthóirí. Féadfaidh na tíortha sin dul i bpáirt le Sásra an Aontais um Chosaint Shibhialta mar “Stáit Rannpháirteacha” mar a fhoráiltear in Airteagal 28(1)b de Chinneadh 1313/2013/AE.

²⁴ Chun críche an tábla seo, ba cheart an tagairt do thríú tíortha a thuiscint mar “thíortha Eorpacha eile” nach cuid de Shásra an Aontais um Chosaint Shibhialta iad go fóill, ach a fhéadfaidís dul i bpáirt leis sa todhchaí mar a fhoráiltear in Airteagal 28(1)a de Chinneadh Uimh. 1313/2013/AE. Níltear ag súil le haon ranníocaíocht ó thríú tíortha seachas na tríú tíortha thuasluaite.

3.2. An tionchar a mheastar a bheidh ag an togra/tionscnamh ar chaiteachas

3.2.1. Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh ag an togra/tionscnamh ar chaiteachas

Cuirtear i láthair sa tábla seo an t-imchlúdach airgeadais arna leithdháileadh ar Shásra an Aontais um Chosaint Shibhialta don tréimhse 2021-2027 faoi Airteagal 19(1a). Gabhann an tábla seo ionad an tábla i Ráiteas Airgeadais Reachtach an togra COM (2019) 125 final.

Seo a leanas miondealú táscach an chaiteachais faoi Ceannteideal 5:

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil	5	Athléimneacht, Slándáil agus Cosaint
--	----------	---

			2021	2022	2023	2024	2025	2026	2027	Tar éis 2027	IOMLÁ N
14 02 01 Cosc, Ullmhacht agus Freagairt i Sásra an Aontais um Chosaint Shibhialta	Gealltanais	(1)	89,703	94,744	101,055	106,454	282,036	292,363	298,210		1.264,565
	Íocaíochtaí	(2)	25,613	47,027	72,889	87,778	143,087	187,377	236,920	463,876	1262,565
Leithreasuithe de chineál riaracháin arna maoiniú as imchlúdach na gclár sonrach ²⁵	Gealltanais = Íocaíochtaí	(3)	0,500	0,510	0,520	0,531	0,541	0,552	0,563		3,717
IOMLÁN leithreasuithe d'imchlúdach an chlár	Gealltanais	=1+3	90,203	95,254	101,575	106,985	282,577	292,915	298,773		1.268,282
	Íocaíochtaí	=2+3	26,113	47,537	73,409	88,309	143,628	187,929	237,483	463,876	1.268,282

²⁵ Cúnamh agus caiteachas teicniúil agus/nó riaracháin ar mhaithe le cláir agus/nó bearta de chuid AE (seanlínte "BA") a chur chun feidhme, taighde indíreach, taighde díreach.

De bhreis ar an imchlúdach airgeadais a shainmhínítear in Airteagal 19 (1a) de Rialachán, beidh EUR 2 187 620 000 (i bpraghsanna reatha) ar fáil mar ioncam sannta seachtrach, de réir bhrí Airteagal 21(5) den Rialachán Airgeadais mar mhaoiniú ó Ionstraim Théarnamh an Aontais Eorpaigh. As sin, féadfar suas le EUR 22 580 000 a thiomnú do chaiteachas riaracháin, lena n-áirítear costais foirne seachtraí.

Seo a leanas miondealú táscach an chaiteachais ó ioncam sannta seachtrach:

Sásra an Aontais/rescEU			2021	2022	2023	2024	2025	2026	2027	<i>Tar éis 2027</i>	IOMLÁN
Caiteachas oibríochtúil ó ioncam sannta seachtrach EURI	Gealltanais	(1)	525,290	535,800	546,510	557,440					2165,040
	Íocaíochtaí	(2)	150,192	270,024	409,595	320,738	209,535	72,916	9,477	722,563	2165,040
Caiteachas ar thacaíocht riaracháin ó ioncam sannta seachtrach EURI	Gealltanais = Íocaíochtaí	(3)	3,040	3,100	3,160	3,220	3,290	3,350	3,420		22,580
Iomlán na n-ioncam sannta seachtrach	Gealltanais	=1+3	528,330	538,900	549,670	560,660	3,290	3,350	3,420		2.187,620
	Íocaíochtaí	=2+3	153,232	273,124	412,755	323,958	212,825	76,266	12,897	722,563	2.187,620

Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil	7	"Caiteachas riaracháin"
--	----------	-------------------------

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

		2021	2022	2023	2024	2025	2026	2027	<i>Tar éis 2027</i>	IOMLÁN
Acmhainní daonna		1,500	1,500	1,500	1,500	1,500	1,500	1,500		10,500
Caiteachas riaracháin eile										
IOMLÁN leithreasuithe do CHEANNTIDEAL 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil	XX	1,500	1,500	1,500	1,500	1,500	1,500	1,500		10,500

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

		2021	2022	2023	2024	2025	2026	2027	<i>Tar éis 2027</i>	IOMLÁN
IOMLÁN leithreasuithe ar fud na gCEANNTIDEAL den chreat airgeadais ilbhliantúil	Gealltanais	91,703	96,754	103,075	108,485	284,077	294,415	300,273		1.278,782
	Íocaíochtaí	27,613	49,037	74,909	89,809	145,128	189,429	238,983	463,876	1.278,782

3.2.2. *Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh ag an togra/tionscnamh ar leithreasuithe de chineál riaracháin*

- ☐ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe de chineál riaracháin
- ☒ Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe de chineál riaracháin mar a mhínítear thíos:

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

Blianta	2021	2022	2023	2024	2025	2026	2027	IOMLÁN
---------	------	------	------	------	------	------	------	--------

CHEANNTÉIDEAL 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil								
Acmhainní daonna	1,500	1,500	1,500	1,500	1,500	1,500	1,500	10,500
Caiteachas riaracháin eile	xxx	xxx	xxx	xxx	xxx	xxx	xxx	xxx
Fo-iomlán CHEANNTÉIDEAL 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil	1,500	1,500	1,500	1,500	1,500	1,500	1,500	10,500

lasmuigh de CHEANNTÉIDEAL 7²⁶ den chreat airgeadais ilbhliantúil								
Acmhainní daonna ²⁷²⁸	1,600	1,600	1,600	1,600	1,600	1,600	1,600	11,200
Caiteachas eile de chineál riaracháin	0,500	0,510	0,520	0,531	0,541	0,552	0,563	3,717
Caiteachas eile de chineál riaracháin	1,440	1,500	1,560	1,620	1,690	1,750	1,820	11,380
Fo-iomlán lasmuigh de CHEANNTÉIDEAL 7 of the multiannual financial framework	3,540	3,610	3,680	3,751	3,831	3,902	3,983	26,297

IOMLÁN	5,040	5,110	5,180	5,251	5,331	5,402	5,483	36,797
---------------	-------	-------	-------	-------	-------	-------	-------	--------

Na leithreasuithe is gá le haghaidh acmhainní daonna agus caiteachas eile de chineál riaracháin, cumhdófar iad leis na leithreasuithe sin san Ard-Stiúrthóireacht atá sannta cheana do bhainistíocht an bhiot agus/nó atá athshanntha laistigh den Ard-Stiúrthóireacht, mar aon le haon leithdháileadh breise a d'fhéadfaí a thabhairt don Ard-Stiúrthóireacht atá i mbun bainistíochta faoi chuimsiú an nós imeachta maidir le leithdháileadh bliantúil i bhfianaise na srianta buiséadacha.

²⁶ Ioncam sannta
²⁷ Ioncam sannta.
²⁸ Ioncam sannta.

3.2.2.1. Na hacmhainní daonna a mheastar a bheidh riachtanach

- ☐ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear acmhainní daonna.
- ☒ Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear acmhainní daonna mar a mhínítear thíos:

Sloinnfear an meastachán in aonaid de choibhéis lánaimseartha

Blianta	2021	2022	2023	2024	2025	2026	2027
• Poist don phlean bunaíochta (oifigigh agus foireann shealadach)							
Ceanncheathrú agus Oifigí Ionadaíocht an Choimisiúin	10	10	10	10	10	10	10
Toscaireachtaí	-	-	-	-	-	-	-
Taighde	-	-	-	-	-	-	-
• Foireann sheachtrach (i gcoibhéis lánaimseartha: FTE) - CA, LA, SNE, INT agus JED ²⁹							
Ceannteideal 7							
Arna mhaoiniú as CEANNTÉIDEA L 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil	- sa cheanncheathrú	91	92	93	94	94	94
	- i dtoscaireachtaí	-	-	-	-	-	-
Arna maoiniú as imchlúdach an chlár ³⁰	- sa cheanncheathrú	-	-	-	-	-	-
	- i dtoscaireachtaí	-	-	-	-	-	-
Taighde	-	-	-	-	-	-	-
Eile (ioncam sannta)	20	20	20	20	20	20	20
IOMLÁN	30	30	30	30	30	30	30

Soláthrófar na hacmhainní daonna is gá le baill foirne ón Ard-Stiúrthóireacht a bhfuil bainistíocht an bhiort faoina gcúram cheana agus/nó ar athshannadh a gcúraimí laistigh den Ard-Stiúrthóireacht, mar aon le haon leithdháileadh breise a d'fhéadfaí a thabhairt don Ard-Stiúrthóireacht atá i mbun bainistíochta faoi chuimsiú an nós imeachta maidir le leithdháileadh bliantúil i bhfianaise na srianta buiséadacha.

Cur síos ar na cúraimí a bheidh le déanamh:

Oifigigh agus pearsanra sealadach	Léirítear sa tábla seo figiúir na riachtanas foirne de bhreis orthu sin atá beartaithe sa togra COM(2019) 125 final . Tá údar leis an iarraidh sin mar gheall ar an méadú suntasach ar an mbuiséad atá beartaithe agus an gá atá le gníomhaíochtaí nua a bhainistiú nó mar gheall ar chastacht níos airde. Oibreoidh na FTE a lorgófar ar fhorbairt beartais; saincheisteanna dlí, agus béim ar leith á leagan ar chúrsaí soláthair; bainistíocht airgeadais; iniúchadh agus meastóireacht.
Pearsanra seachtrach	Oibreoidh na FTE a lorgófar ar fhorbairt beartais; saincheisteanna dlí, agus béim ar leith á leagan ar chúrsaí soláthair; bainistíocht airgeadais; iniúchadh agus meastóireacht.

²⁹ AC = Ball foirne ar conradh; AL = Ball foirne áitiúil; SNE= Saineolaí náisiúnta ar iasacht; INT= Ball foirne gníomhaireachta; JPD = Saineolaithe sóisearacha i dtoscaireachtaí.

³⁰ Fo-uasteorainn d'fhoireann sheachtrach arna cumhdach ag leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí (na seanlínte "BA").

3.3. An tionchar a mheastar a bheidh ar ioncam

- X Ní bheidh tionchar airgeadais ar bith ag an togra ar ioncam.
- ☐ Beidh an tionchar airgeadais seo a leanas ag an togra/tionscnaimh:
 - ☐ ar acmhainní dílse
 - ☐ ar ioncam eile

má tá an t-ioncam sannta do línte caiteachais, sonraigh sin ☐

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

Líne bhuiséid ioncain:	Tionchar an togra/tionscnaimh ³¹						
	2021	2022	2023	2024	2025	2026	2027
Airteagal							

I gcás ioncam ilghnéitheach atá 'sannta', sonraigh na línte buiséid a n-imrítear tionchar orthu.

Aon rud eile (e.g. an modh nó an fhoirmle a úsáideadh chun an tionchar ar ioncam a ríomh nó aon fhaisnéis eile).

³¹ A fhad a bhaineann le hacmhainní dílse traidisiúnta (dleachtanna talmhaíochta, tobhaigh siúcra), ní mór na méideanna a luaitear a bheith ina nglanmhéideanna, i.e. méideanna comhlána agus 20 % de na costais bhailiúcháin a bheith bainte astu.